



ACHOIMRE DEN CHLÁR UM FHORBAIRT TUAITHE

ÉIRE
2014 - 2020



Clár Chistí Eorpacha Struchtúrtha
agus Infheistíochta na hÉireann
2014–2020

Cómhaoinithe ag Rialtas na hÉireann
agus ag an Aontas Eorpach



Ciste Talmhaíochta na hEorpa um Fhorbairt
Tuaithe: Eoraip ag Infheistiú i limistéir tuaithe



Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil
Environment, Community and Local Government



Department of
**Agriculture,
Food and the Marine**
An Roinn
**Talmhaíochta,
Bia agus Mara**



Griangraif clúdaigh agus istigh a bhuíochas do Bhord Bia.



Achoimre den Chlár
Um Fhorbairt Tuaithe
Éire
2014-2020

Meán Fómhair 2015



Clár Ábhair

1. Cad é an Clár um Fhorbairt Tuaithe?	1
2. Conas a forbraíodh an CFT?	2
3. Miondealú ar an gClár de réir Beart Forbartha Tuaithe	5
3.1 Beart 1 – Aistriú Eolais agus gníomhaíochtaí eolais	6
3.2 Beart 2 – Seirbhísí comhairliúcháin, bainistíocht fheirme agus seirbhísí um fhaoiseamh feirmeoireachta	12
3.3 Beart 4 – Infheistíochtaí i sócmhainní fisiceacha	15
3.4 Beart 7 – Bunsheirbhísí agus athnuachan sráidbhaile i limistéir tuaithe	20
3.5 Beart 10 – Aeráid Chomhshaoil Talmhaíochta	22
3.6 Beart 11 – Feirmeoireacht Orgánach	26
3.7 Beart 13 – Íocaíochtaí do Limistéir a thugann aghaidh ar Srientachtaí Nádurtha nó Sonraithe eile (LSN)	28
3.8 Beart 16 – Comh-oibriú	31
3.9 Beart 19 – Tacaíocht d’fhorbairt LEADER áitiúil (FÁCP – forbairt áitiúil faoi cheannaireacht pobail)	35
4. Mionathruithe don CFT Amach Anseo	40
5. Cad iad na struchtúir fhorfheidhmiúcháin don CFT nua?	41
6. Cad iad na rialuithe agus na smachtbhannaí a bhainfidh leis na scéimeanna CFT nua?	43
7. Cén chaoi a ndéanfar an CFT nua a mhonatóireacht agus a bhreithmheas?	44
8. Cén áit ar féidir liom teacht ar a thuilleadh faisnéise?	45
Aguisín 1: Incháilitheacht Coinníollacha do SNTS II	47
Aguisín 2: Struchtúr GLAS	50
Aguisín 3: Gníomhartha GLAS agus Rátaí Íocaíochta	52

Liosta Giorrúcháin

ACS	Áireamh Ceall Sómach
AE	An tAontas Eorpach
BVB	Buinneach Víreasach Bhólachta
CBÍ	Clár Buníocaíochta
CBT	An Comhbheartas Talmhaíochta
CFECT	An Coimisiún um Fhorbairt Eacnamaíoch na gCeantar Tuaithe
CFT	Clár um Fhorbairt Tuaithe
CMEF	Comhchreat Monatóireachta agus Measúnaithe
CMES	Comhchóras Monatóireachta agus Measúnaithe
CNE	Comhpháirtíochtaí Nuálaíochta Eorpacha
CSMG	Clár Sonraí Mairteola agus Géanómaíochta
CTEFT	Ciste Talmhaíochta na hEorpa um Fhorbairt Tuaithe
ENR	Eagraíocht Neamhrialtasach
FASP	Forbairt Áitiúil faoi Stiúir an Phobail
FGL	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
GCT	Gás Ceaptha Teasa
GGA	Grúpaí Gníomhaíochta Áitiúla
GLAS	An Scéim Ghlas ar Bheagán Carbóin do Chomhshaoil na Talmhaíochta
GTN	An Gréasán Tuaithe Náisiúnta
IA	Ionstraim Airgeadais
LLDB	Láidreachtaí, Laigí, Deiseanna agus Bagairtí
LMD	Limistéir Mhídhiseiúla
LSN	Limistéir de Shriantachtaí Nádúrtha
PFF	Plean Feabhsaithe Feirme
RCpra	An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil
RTBM	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
SCCFT	An Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil Faoin Tuath
SFA	Straitéisí Forbartha Áitiúla
SGCT	Sócmainní agus Gníomhaíochtaí Comhshaoil Tosaíochta
LSA	Leas agus Sláinte Ainmhí
SLM	Scéim um Limistéir faoi Mhíbhuntáiste
SNTS II	Scéimeanna Nuachóiriú Talmhaíochta Sonraithe II
TLSBC	Trealamh Leata Sciodair ar Bheagán Carbóin

1. Cad é an Clár um Fhorbairt Tuaithe?

Tá an Clár um Fhorbairt Tuaithe (CFT) mar chuid den Chomhbheartas Talmhaíochta (CBT), comhsraith de chuspóirí, prionsabail agus rialacha trína chomhoibríonn an tAontas Eorpach (AE) tacaíocht do thalmhaíocht Eorpach. Tá an creat CBT cuimsithe de dhá philéar comhlántacha; déileálannn Piléar 1 le híocaíochtaí díreacha d'fheirmeoirí agus bearta margaidh agus cuimsíonn Piléar 2 bearta forbartha tuaithe ilbhliantúil lena n-áirítear iad siúd atá buntáistiúil don chomhshaol agus an t-athrú aeráide. Cuimsíodh CFTanna Éireannacha roimhe seo bearta ar nós na Scéimeanna um Limistéir faoi Mhíbhuntáiste (SLM), Scéimeanna Comhshaol Talmhaíochta ar nó an Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil Faoin Tuath (SCCFT), agus tionscnaimh forbartha pobail níos fairsinge seachadta faoi LEADER.

Ag eascair ón leasú is déanaí de CBT comhaontaithe faoi Uachtaránacht na hÉireann ar an AE, dearadh sraith nua de bhearta forbartha tuaithe chun feabhas a chur ar iomaíochas na hearnála agrairbhia, bainistíocht níos inbhuanaithe d'acmhainní nádúrtha agus forbairt níos cothromaithe ar limistéir tuaithe a chinntiú. Déanann an leabhrán seo achoimre ar réimse leathan scéimeanna agus tacaíochtaí cuimsithe i CFT nua na hÉireann don tréimhse 2014-20. Ghlac Coimisiún an AE le CFT na hÉireann go foirmeálta ar 26ú Bealtaine 2015.

2. Conas a forbraíodh an CFT?

Forbraíodh an CFT ag cur acmhainní airgeadais atá ar fáil agus riachtanais rialála AE san áireamh. Tá sé bunaithe ar anailís chriochnúil de riachtanais agus tosaíochtaí earnála aitheanta thar tréimhse fada chomhairliúcháin le páirtithe leasmhara.

Maoiniú Cláir

Is é an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) an tÚdarás Bainistíochta do CFT na hÉireann. Tá an Clár comh-mhaoinithe ag an gCiste Talmhaíochta na hEorpa um Fhorbairt Tuaithe (CTEFT) agus an státchiste náisiúnta. Beidh tacaíocht AE don CFT via an CTEFT ar an meán €313 milliúin go bliantúil, nó suim chomhiomlán de €2.19 billiúin thar an saolré Cláir 7-bliain. Beidh an maoiniú AE fordheonaithe ag maoiniú státchiste. Tá an maoiniú iomlán do bhearta CFT ag corprú cistí náisiúnta agus AE leagtha amach i dtábla 2.1. Beidh leithdháileadh maoinithe céimnithe amach thar tréimhse an Chláir de réir riachtanais dearaidh bearta agus acmhainní buiséadacha.

Tábla 2.1: CTEFT agus maoiniú náisiúnta thar saolré an CFT

BEART	€ milliúin
Bear 1 – Aistriú eolais agus gníomhaíochtaí eolais	126
Bear 2 – Seirbhísí comhairliúcháin, bainistíocht fheirme agus seirbhísí um fhaoiseamh feirmeoireachta	8
Bear 4 – Infheistíochtaí i sócmhainní fisiceacha	425
Bear 7 – Buncheirbhísí agus athnuachan sráidbhaile i limistéir tuaithe	6
Bear 10 – Aeráid Chomhshaol Talmhaíochta	1,585
Bear 11 – Feirmeoireacht Orgánach	56
Bear 13 – Íocaíochtaí do Limistéir a thugann aghaidh ar Srianachtaí Nádúrtha nó Sonraithe eile (LSN)	1,370
Bear 16 – Comh-oibriú	7
Bear 19 – Tacaíocht d'fhorbairt áitiúil LEADER (FÁST – forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail)	250
Cúnamh Teicniúil	6

Cuireadh socruithe aistrithe i bhfeidhm do chaiteachas ag cuimsiú tréimhsí cláir den CFT 2007-2013 agus CFT 2014-2020. Tá maoiniú aistrithe cuimsithe sna figiúir thuas maidir le Bearta 4,10 agus 13. Mar aon leis na figiúir thuas, cuimsíonn plean airgeadais an CFT maoiniú aistrithe leithdháilte do bhearta ón CFT 2007-2013 nach bhfuil beart comhfhreagrach i CFT 2014-2020.

Riachtanais rialála AE

- Leagann reachtaíocht AE amach 3 cuspóir sárraitheach do mhaoiniú CFT:
- iomaíochas talmhaíochta a fheabhsú;
- bainistíocht inbhuanaithe d'acmhainní nádúrtha agus aicsean aeráide a chinntiú;
- forbairt réigiúnach cothromaithe de gheilleagair agus pobail tuaithe a bhaint amach.
- Tugtar léiriú níos mionsonraithe de na spriocanna ginearálta fad-téarmacha seo in 6 Tosaíochtaí Forbartha Tuaithe ionas gur féidir le Ballstáit cur chuige coiteann a ghlacadh ar dhearadh a gcuid CFTanna. Is iad na croíthosaíochtaí ar cheart do Bhallstáit aird a thabhairt orthu ná:
- eolais agus nuálaíocht i dtalmhaíocht, foraoiseacht agus limistéir tuaithe a chothú;
- inmharthanacht/iomaíochas feirme agus gach cineál talmhaíochta a fheabhsú;
- eagrú biashlabhrú agus bainistíocht riosca a chur chun cinn i dtalmhaíocht;
- éiceachórais a bhraitheann ar thalmhaíocht agus foraoiseacht a athshlánú, a chothú agus a fheabhsú;
- éifeachtúlacht acmhainní a chur chun cinn agus tacú le hathrú i leith geilleagair ar bheagán charbóin agus aeráid-díonach sna hearnála talmhaíochta, bia agus foraoise a chur chun cinn;
- cuimsiú sóisialta, laghdú bochtanais agus forbairt eacnamaíoch i limistéir tuaithe a chur chun cinn.

Dá réir sin, aithníonn gach tosaíocht forbartha tuaithe réimsí sonraithe d'idirghabháil ar a dtugtar réimsí fócais. D'fhéadfadh scéim sonraithe a bheith deartha chun dul i bhfeidhm ar roinnt réimsí fócais.

Bhí CFT na hÉireann frámaithe i gcomhthéacs bearta náisiúnta chomh maith leis na riachtanais rialála AE thuas. Mar shampla, tá go leor de na téamaí atá lárnach do straitéis Fhómhar Bia 2020 comhleanúnach leis na téamaí ag eascair ó na hanailísí ullmhúcháin fadréimseacha atá mar bhunús le forbairt CFT na hÉireann chomh maith le leis na cuspoirí agus na tosaíochtaí mar a leagtar amach sa Rialúchán Forbartha Tuaithe AE. Foimhlíodh an Clár 2014-2020 i bhfianaise taithí agus feidhmíocht an CFT 2007-2013 roimhe agus léiríonn sé toradh beart comhairliúcháin poiblí agus páirtithe leasmhara déanta thar tréimhse de 18 mí.

Anailís agus comhairliúchán

- Ba próiseas il-céimneach é anailís mionsonraithe agus ullmhúchán do CFT nua na hÉireann a chuimsigh:
- glooch oscailte d'aighneachtaí ar Thosaíochtaí CFT mar a leagtar amach sa dréachtrialúchán Forbairt Tuaithe, seolta i mí na Nollag 2012;
- fóram páirtithe leasmhara i mí Iúil 2013 chun anailís LLDB (Láidreachtaí, Laigí, Deiseanna agus Bagairtí) agus measúnú riachtanais a chuireann taca faoin chlár;
- Glooch oscailte eile d'aighneachtaí agus eachtra páirtithe leasmhara ag leanúint ar fhógra bearta CFT molta i mí Eanáir 2014;
- Measúnú ex ante ag corprú Anailís Chomhshaoil Straitéiseach ar na bearta molta stiúrtha ag meastóirí neamhspleácha, seachtracha lena n-áiríodh comhairliúchán páirtithe leasmhara breise;
- I ndiaidh thaisceadh dréacht CFT na hÉireann i mí Iúil 2014, lean tréimhse de dhíospoireacht agus forbairt idir RTBM agus Coimisiún an AE. Comhaontaíodh inneachar an CFT in Aibreán, 2015 le glacadh foirmeálta ag leanúint i mí Bhealtaine.

3. Miondéalú ar an gClár de réir Beart Forbartha Tuaithe

Seachadaítear tacaíocht trí bhearta agus fobhearta mar a leagtar amach sna rialúcháin AE. I roinnt cásanna, trasnaíonn scéimeanna roinnt fobhearta ach i gcinn eile d'fhéadfadh fobheart áirithe roinnt scéimeanna ar leith a chuimsiú.

3.1 Beart 1 - Aistriú eolais agus gníomhaíochtaí eolais

- Fobheart 1.1 Grúpaí Aistriú Eolais
- Fobheart 1.1 Oiliúint seachadta i dtacaíocht leis an Scéim Ghlas ar Bheagán Carbóin do Chomhshaol na Talmhaíochta (GLAS) agus Clár Sonraí Mairteola agus Géanómaíochta (CSMG)

3.2 Beart 2 – Seirbhísí comhairliúcháin, bainistíocht fheirme agus seirbhísí um fhaoiseamh feirmeoireachta

- Fobheart 2.3 Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) do Chomhairleoirí Talmhaíochta.
- Fobheart 2.1 Seirbhís Chomhairliúcháin Dírithe ar Leas agus Sláinte Ainmhí – Ar Chomhairle Feirme
- Fobheart 2.3 Seirbhís Chomhairliúcháin Dírithe ar Leas agus Sláinte Ainmhí – Oiliúint do Chomhairleoirí

3.3 Beart 4 – Infheistíochtaí i sócmhainní fisiceacha

- Fobheart 4.1 Scéimeanna Nuachóiriú Talmhaíochta Sonraithe II (SNTS II)
- Fobheart 4.4 Infheistíochtaí Nearnhthairgiúla (Seachadta trí GLAS)

3.4 Beart 7 – Bunsheirbhísí agus athnuachan sráidbhaile i limistéir tuaithe

- Fobheart 7.6 Foirgnimh Feirme Traidisiúnta GLAS

3.5 Beart 10 – Aeráid Comhshaol Talmhaíochta

- Fobheart 10.1 Scéim Ghlas ar Bheagán Carbóin do Chomhshaol na Talmhaíochta (GLAS) agus GLAS +

- Fobheart 10.1 Clár Sonraí Mairteola agus Géanómaíochta (CSMG)

3.6 Beart 11 – Feirmeoireacht Orgánach

- Fobheart 11.1 agus Fobheart 11.2 Scéim Fheirmeoireacht Orgánach

3.7 Beart 13 – Íocaíochtaí do Limistéir a thugann aghaidh ar Srientachtaí Nádúrtha nó Sonraithe eile

- Fobheart 13.2 Limistéir de Srientachtaí Nádúrtha (LSNanna)
- Fobheart 13.3 Tacaíocht shonraithe d'fheirmeoireacht oileáin easchósta

3.8 Beart 16 – Comh-oibriú

- Fobheart 16.1 Comhpháirtnéireachtaí Nuálaíochta Eorpacha (CNE)
- Fobheart 16.3 Tacaíocht d'Fheirmeoireacht Comhoibríoch

3.9 Beart 19 – Tacaíocht d'fhorbairt áitiúil LEADER (FÁSP - forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail)

- Fobheart 19.1 Tacaíocht Ullmhúcháin LEADER
- Fobheart 19.2 Cur i bhfeidhm oibríochtaí LEADER faoin straitéis FÁSP
- Fobheart 19.3 Ullmhúchán agus Cur i bhFeidhm gníomhaíochtaí comhoibríúcháin de na grúpaí gníomhaíochta áitiúla LEADER
- Fobheart 19.4 Costais Reatha agus Beocht LEADER

3.1 Beart 1 - Aistriú Eolais agus gníomhaíochtaí eolais

Táthar ag siúl leis an mbeart Aistriú Eolais agus Gníomhaíochtaí eolais cur leis na Réimsí Fócais seo a leanas:

- 2A – Feidhmíocht, nua-aoisiú & athstruchtúru eacnamíoch
- 3B – Cosc & bainistíocht riosca feirme
- 4A – Bithéagsúlacht a athnuachan, a chaomhnú agus a fheabhsú, limistéir Natura 2000 san áireamh
- 4B – Ag feabhsú bainistíocht uisce, lena n-áirítear bainistíocht leasacháin agus lotnaidicí

- 4C – Ag cosc ithirchreimeadh agus ag feabhsú bhainistíocht ithreach
- 5D – Ag laghdú astaíochtaí GCT & amóinia.

Cuimsíonn an beart seo an fobheart seo a leanas:

- Fobheart 1.1 tacaíocht do ghníomhaíochtaí gairmoiliúina agus gnóthú scileanna.

Laistigh den fhobheart seo tá trí ghné ar leith:

1. Grúpaí Aistriú Eolais

2. Oiliúint seachadta i dtacaíocht leis an gClár Sonraí Mairteola agus Géanómaíochta (CSMG)

3. Oiliúint seachadta i dtacaíocht leis an Scéim Ghlas ar Bheagán Carbóin do Chomhshaol na Talmhaíochta (GLAS).

Fobheart 1.1 Grúpaí Aistriú Eolais

Cur Síos Ginearálta

Feicfidh Grúpaí Aistriú Eolais cruinnuithe feirmeoirí éascaithe ag comhairleoirí ardcháilithe agus beidh aistriú agus malairt eolais agus deachleachtas i gceist thar roinnt réimsí. Rithfidh grúpaí ar feadh tréimhse de 3 bliana. Beidh sé de dhualgas ar fheirmeoirí rannpháirteacha Plean Feabhsaithe Feirme (PFF) sa chéadbhliain rannpháirtíochta agus é a nuashonrú i ngach ceann den 2ú agus 3ú bliain den scéim. Forbrófar an Plean seo i gcomhpháirt leis an éascaitheoir incháilithe agus cleachtóir treidliachta incháilithe araon mar is cuí. Beidh sé de dhualgas ar gach feirmeoir rannpháirteach freastal ar 5 cruinniú aistriú eolais/eachtraí náisiúnta crediúnaithe RTBM ar a laghad le linn na bliana.

Do gach grúpa faofa eagróidh éascaitheoir cruinnuithe aistriú eolais d'fheirmeoirí rannpháirteacha le topaicí cruinnithe le roghnú ó roghchlár de thopaicí ag cumhdach saincheisteanna bainistíochta feirme ar nós bainistíocht airgeadais,

leas agus sláinte ainmhí, bainistíocht fhéir, inbhuanaitheacht, pórúchán, sláinte agus sábháilteacht agus srianadh comhtháite lotnáidí. Seachadófar Grúpaí Aistriú Eolais sna hearnála Déirí, Mairteola, Caorach, Éineola, Curaíochta, agus Eachaí.

Go sonrach, táthar ag súil go ndéanfar Grúpaí Aistrithe Eolais an méid seo a leanas:

- éifeachtúlacht agus éifeachtacht ag obair, agus cleachtas fearachais ag cur le gníomhú ar son na haeráide a spreagadh;
- cabhair a thabhairt d'fheirmeoirí dul i ngleic le saincheisteanna casta;
- cumas daoine aonaracha a thógáil i gcomhshaol grúpa;
- déan cinnte go nglacann feirmeoirí páirt i próiseas feabhsúcháin leanúnach;
- nuálaíocht agus smaointí nua a spreagadh;
- feabhas a chur ar sheachadadh bearta bainteacha eile beartaithe faoin CFT.

Cineál Incháilithe

Aithníodh RBTM Grúpaí Aistriú Eolais le bheith soláthartha agus sochrófar uasmhéid de ghrúpaí le bheith maoinithe de réir earnála. Déanfaidh éascaitheoirí chúrsa iarratas grúpaí a bhainistiú agus a éascú ar an gcoinníoll go gcloíonn siad leis na bunchritéir incháilitheachta seo a leanas:

- Íoscháilíocht oideachasúil go Leibhéal 8 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí nó cáilíocht sonraithe eile measta a bheith incháilithe ag RTBM.
- Árachas slánaíochta suas go €150,000.

Cineálacha Tacaíochtaí agus Rátaí

Beidh tairbhí an fhobhearta seo ina n-éascaitheoir Grúpa Aistriú Eolais. Íocfar deontas bliantúil de €500 in aghaidh an feirmeora rannpháirteach do gach éascaitheoir. Beidh uasmhéid de 18 comhalta in aghaidh an ghrúpa, nó 12 i gcás Éineol.

Íocfar deontas bliantúil de €750 do gach feirmeoir rannpháirteach. Cúitíonn an deontas seo an feirmeoir rannpháirteach don ghné ama (costas feirmeoir ionaid) agus costas taistil ceangailte le freastal ar chruinnuithe aistriú eolais agus forbairt an PFF.

Déanfar iocaíochtaí ar fad maidir le costais incháilithe de réir riachtanais Alt 14 de Rialúchán 1305/2013.

Fobheart 1.1 Oiliúint seachadta i dtacaíocht leis an Scéim Ghlas ar Bheagán Carbóin do Chomhshaol na Talmhaíochta (GLAS) agus Clár Sonraí Mairteola agus Géanómaíochta (CSMG)

Beidh oiliúint soláthartha ag comhairleoirí faofa RTBM faoinn GLAS & CSMG araon, chun seachadadh na scéimeanna seo a bharrfheabhsú.

Oiliúint CSMG

Cur Síos Ginearálta

Tá dhá ghné a bhaineann le hoiliúint CSMG. Is é an chéad ceann ná oiliúint CSMG ginearálta ina mbeidh sé de dhualgas ar fheirmeoirí rannpháirteacha freastal ar chúrsa oiliúna faofa a sholáthróidh eolas soiléir maidir le cén rannpháirtíocht scéime atá de dhíth ag leibhéal feirme aonair agus feasacht ar ghéanómaíocht agus roghnú le haghaidh pórú a mhéadú.

Tá oiliúint CSMG ginearálta deartha leis an méid seo a leanas a sholáthar:

- Intreoir don CSMG, a bhunús rialála, cuspóirí na scéime agus maoiniú;
- Eolas ar na gníomhaíochtaí aonarachacha ag cumhdach réimsí ar nós bhailiú sonraí, géinitíopáil, innéacs géanómaíochta agus an straitéis athsholáthair bulla/bearach;
- Eolas ar rialúcháin, iniúchtaí agus smachtbhannaí;

- Oiliúint ar thuiscint agus úsáid optamach d'innéacs póraithe do straitéisí phóraithe máthartha chun éifeachtúlacht máthartha a bharrfheabsú agus dá réir sin déine astaíochtaí GCT in aghaidh an aonaid athchuir a laghdú;
- Oiliúint ar thábhacht bhailiú shonraí agus tréithe póraithe máthartha agus an nascacht le héifeachtúlacht carbóin ag leibhéal scéime.

Cuimsíonn an dara ghné den oiliúint CSMG de chúrsa oiliúna ullmhúcháin 2 uair ar an dtreoraí carbóin. Is uirlís í seo a mheasann na laghduithe gáis cheaptha teasa potéinsiúla agus na coigilteas airgeadais is féidir a dhéanamh ar gach feirm trí éifeachtúlacht feirme feabhsaithe. Chomh maith le sin, ceadaíonn sí d'fheirmeoirí aonaracha spriocanna todhchaí a shocrú agus comparáidí a dhéanamh le meánfheirmeoirí agus na feirmeoirí is fearr feidhmithe.

Seachadóidh soláthróir oiliúna oiliúint ginearálta, atá le roghnú i ndiaidh phróiseas soláthair poiblí oscailte agus follasach agus seachadófar oiliúint Treoraí Carbóin i suíomh duine ar dhuine ag comhairleoirí faofa.

Coinníollacha Incháilithe

Cinneofar incháilitheacht d'oiliúint CSMG leis na coinníollacha seo a leanas:

- Ní mór don soláthróir oiliúna traenáilaithe a bheith aici/aige le cáilíochtaí i ndisciplíní cuí ag Creat Cáilíochtaí Náisiúnta Leibhéal 8;
- Ní mór socrúite árachas slánaíochta cuí a bheith i bhfeidhm.

Cinneofar incháilitheacht d'Oiliúint Treoraí Carbóin leis na coinníollacha a leanas:

- Ní mór don soláthróir oiliúna cáilíocht a bheith acu i ndisciplín cuí ag Creat Cáilíochtaí Náisiúnta Leibhéal 8;
- Ba cheart don soláthróir oiliúna a bheith i láthair ag an modúl Forbairt Ghairmiúil Leanúnach RTBM faofa seachadta trí Bheart 2 den CFT.

Cineál Tacaíochta agus Rátaí

Beidh na soláthróirí oiliúna ina thairbhí ar oiliúint CSMG. Beidh an soláthróir oiliúna roghnaithe ar bhonn próiseas soláthair poiblí oscailte agus follasach agus beidh íocaíocht iomlán don oiliúint CSMG ginearálta leagtha amach sa thairiscint an bhua agus comhfhreagraíonn gach tacaíocht oiliúna Treoraí Carbóin seachadta d'íocaíocht ag an ráta de €160 don soláthróir oiliúna.

Gheobhaigh gach feirmeoir rannpháirteach €166 as freastal ar an gcúrsa oiliúna CSMG ginearálta 4 uair agus tá sé mar aidhm aige seo an feirmeoir a chúiteamh don ghné ama (costas feirmeoir ionadaithe) agus costas taistil a bhaineann le freastal ag an oiliúint beart-sonrach.

Déanfar íocaíochtaí ar fad maidir le costas incháilithe de réir riachtanais Alt 14 de Rialúchán 1305/2013.

Oiliúint GLAS

Cur Síos Ginearálta

Faoi GLAS, éileofar ar thairbhí freastal ar chúrsaí oiliúna faofa. Seachadófar cúrsaí ag suíomhanna éagsúla chun éascacht rochtana a éascú d'oiliúint d'fheirmeoirí agus cuimseoidh sé 6 uair d'oiliúint.

Soláthróidh réimse cúrsaí feirmeoirí le heolas ar:

- intreoir don scéim GLAS; a bhonn rialúcháin, cuspóirí na scéime agus maoiniú;
- na gealltanais aonaracha ag cuimsiú limistéir ar nós bainistíocht cothaitheigh, cleachtais feirmeoireachta, coinneáil taifid, amlinte seachadta srl.;
- eolas sonrach maidir le riachtanais nasctha do ghníomhaíochtaí na bhfeirmeoirí faoi GLAS;
- na rialúcháin, iniúchtaí agus smachtbhannaí;
- na hiarmhairtí de thruailliú talmhaíochta agus a seachaint (lena n-áirítear feasacht athrú aeráide, agus na sinéirgí idir aistriú agus oiriúnú);

- tábhacht agus caomhnú de suíomhanna Natura 2000 agus gnáthóga éin agus gnáthóga fiadhúlra tábhachtacha, srl.

Coinníollacha Incháilithe

Ní mór do soláthróirí oiliúna a bheith ina gcomhairleoirí profeisiúnta cláraithe le RTBM. Cuimsíonn sé seo:

- cáilíocht chuí Leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí a bheith agat;
- an t-oiliúint GLAS sonrach seachadta do chomhairleoirí ag RTBM a bheith faighte agat;
- a bheith cláraithe agus oilte le FAS.

Cineál Tacaíochta agus Rátaí

Beidh na soláthróirí oiliúna ina thairbhí ar oiliúint GLAS agus is é an suim iomlán le híoc in aghaidh an soláthróir oiliúna ag na cúrsaí oiliúna ná €238. Tá €158 as an iomlán seo maidir le costais na bhfeirmeoirí as freastal ar an oiliúint.

Déanfar iocaíochtaí ar fad maidir le costais incháilithe de réir riachtanais Alt 14 de Rialúchán 1305/2013.

3.2 Beart 2 – Seirbhísí comhairliúcháin, bainistíocht fheirme agus seirbhísí um fhaoiseamh feirmeoireachta

Cuireann an beart seo le réimsí fócais:

- 2A – feidhmíocht agus nua-aoisiú eacnamaíoch
- 3B – cosc agus bainistíocht riosca feirme
- 5D – astaíochtaí gáis cheaptha teasa agus amóinia

Cuimsíonn an beart seo

- Fobheart 2.1 – tacaíocht le cabhrú tairbhe a bhaint as úsáid seirbhísí chomhairliúcháin

- Fobheart 2.3 – tacaíocht d’oiliúint chomhairleoirí – Oiliúint Leasa agus Sláinte Ainmí (LSA) do chomhairleoirí ar fheirme
- Fobheart 2.3 – FGL do chomhairleoirí talmhaíochta

Fobheart 2.3 Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) do Chomhairleoirí Talmhaíochta

Cur Síos Ginearálta

Ceadóidh rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí forbartha gairmiúla leanúnacha do chomhairleoirí a mbunús eolais a fheabhsú ar bhonn leanúnach agus cinntiú go bhfuil siad ar an eolas faoi na teicnící is déanaí agus riachtanais rialála. Cuirfidh an scéim seo forbairt chomhairleoirí feasacha, proifeisiúnta agus inniúla chun cinn, agus dá réir sin cuirfidh siad feabhas ar chaighdeán na seirbhíse soláthartha d’fheirmeoirí.

Eascróidh aithint réimsí oiriúnacha d’fheabhsú agus réimsí ina sholáthrófar cúrsaí ó phróiseas comhairliúcháin leanúnach le páirtithe leasmhara.

Tar éis topaic a aithint ar cheart do na comhairleoirí incháilithe a bheith nua-oilte, fógróidh an Roinn comórtas tairisceana oscailte agus ceadófar do sholáthróirí seirbhíse incháilithe tograí tairisceana a thaisceadh chun an oiliúint seo a sholáthar. Measófar na tograí tairisceana bunaithe ar na critéir roghnúcháin réamhshocraithe. Soláthróidh an forthairgeoir rathúil an oiliúint do chomhairleoirí incháilithe bunaithe ar na sonraíochtaí leagtha amach sa togra tairisceana.

Coinníollacha Incháilithe

Tá cáilíocht oideachasúil Creat Náisiúnta Cáilíochtaí (nó cáilíocht sonraithe eile mar a mheastar incháilithe ag RTBM) Leibhéal 8 de dhíth d’incháilitheacht.

Cineál Tacaíochtaí agus Rátaí

Beidh tacaíocht bunaithe ar an bhpraghas leagtha amach sa chaipéiseacht tairisceana, faoi réir uasmhéid de €200,000 ar feadh trí bliana in aghaidh an soláthróir seirbhíse. Beidh an déine cabhrach 100% den chostas sonraithe sa togra rathúil.

Fobheart 2.1 Seirbhís Chomhairliúcháin Dírithe ar Leas agus Sláinte Ainmí – Comhairle Ar Fheirm agus

Fobheart 2.3 Seirbhís Chomhairliúcháin Dírithe ar Leas agus Sláinte Ainmí – Oiliúint do Chomhairleoirí

Comhcheanglaítear an dá fhobheart seo le soláthar ar oiliúint shainchomhairleoirí (2.3) atá ábalta ansin seirbhísí chomhairliúcháin LSA ar feirme a sholáthar (2.1).

Fobheart 2.3 Oiliúint do Chomhairleoirí

Cur Síos Ginearálta

Bainfidh an tseirbhís seo le sainoiliúint chleachtóirí/treidlianna chun seirbhís chomhairliúcháin leas agus sláinte ainmí ar feirme a sholáthar. Díreoidh an comhairle atá le soláthar ar feirme go straitéiseach ar roinnt réimsí lárnacha ar nós galar Johne, BVB, ACS agus saincheisteanna sláinte ainmí tromchúiseacha sna hearnála muice agus éineola.

Ghlac RTBM páirt i nglaoch oscailte do thograí do sholáthróirí leasmhara agus cáilithe chun tairiscint a dhéanamh oiliúint sonraithe nasctha do na coinníollacha ainmnithe thuas a sholáthar.

Coinníollacha Incháilithe

Ní mór do thraenáilaithe molta cáilíocht a bheith acu atá coibhéiseach le Leibhéal 9 (Leibhéal Máistreachta) ar a laghad ar an gcóras Creat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC), faighte i ngalair bhuaibheacha, éineola agus muice treidlia, agus disciplíní bainteacha coibhéiseacha.

Cineál Tacaíochta agus Rátaí

Beidh tacaíocht bunaithe ar an bhpraghas leagtha amach sa chaipéisacht tairisceana, faoi réir uasmhéid leagtha amach sa Rialúchán Forbartha Tuaithe de €200,000 ar feadh trí bliana in aghaidh an soláthróir seirbhíse. Beidh an tacaíocht iomlán le híoc ríofa ar bhunús líon na seisiún oiliúna galair atá de dhíth.

Fobheart 2.1 Comhairle Ar Fheirm.

Cur Síos Ginearálta

Bainfidh an tseirbhís seo le seachadadh sainchomhairle leas agus sláinte ainmhí ar bhonn iarratais ag leibhéal feirm aonair ag treidlianna cáilithe.

Coinníollacha Incháilithe

Ní mór do thairbhíthe a bheith ina dtreidlianna a sheachadaíonn an comhairle ar feirm. Éilíonn incháilitheacht don chomhairleoir sainoiliúint a bheith déanta acu seachadta faoi fhobheart 2.3.

Cineál Tacaíochta agus Rátaí

Beidh oiliúint bunaithe ar sheisiún chomhairliúcháin 3 uair ag leibhéal feirme aonair, ar a mbeidh an táille proifeisiúnta le híoc, teoranta do huasráta de €80 in aghaidh na huaire.

3.3 Beart 4 – Infheistíochtaí i sócmhainní fisiceacha

Tá an beart seo deartha chun cur le roinnt réimsí fócais mar seo a leanas:

- Réimse fócais 2A – Feidhmíocht, nua-aoisiú & athstruchtúru eacnamaíoch
- Réimse fócais 2B – Ag éascú iontráil feirmeoirí agus athnuachan glúine
- Réimse fócais 3B – Cosc & bainistíocht riosca feirme
- Réimse fócais 4A – Ag athnuachan, ag caomhnú agus ag feabhsú bithéagsúlachta, limistéir Natura 2000 san áireamh
- Réimse fócais 4B – Ag feabhsú Bainistíocht Uisce, lena n-áirítear bainistíocht leasacháin agus lotnaidicíd
- Réimse fócais 5B – Éifeachtúlacht in Úsáid Fhuinnimh
- Réimse fócais 5D – Ag Laghdú astaíochtaí GCT & amóinia

Tá an beart seo cuimsithe de:

- Fobheart 4.1 – tacaíocht d'infheistíochtaí i ngabháltais talmhaíochta
- Fobheart 4.4 – tacaíocht d'infheistíochtaí neamhtháirgiúil

Fobheart 4.1 Scéimeanna Nuachóiriú Talmhaíochta Sonraithe II (SNTS II)

Cur Síos Ginearálta

Is é cuspóir na scéime seo ná infheistíocht caipitiúil a spreagadh i roinnt réimse sprice a chuirfidh chun cinn, ach go háirithe, iomaíochas agus inbhuanaitheacht mhéadaithe sna hearnála sin ina gcuirfear cúnaimh deontais ar fáil. Leanfaidh SNTS II struchtúir cosúil leis an gceanna bhí i bhfeidhm do SNTS faoin 2007-2013 CFT. Cuirfidh na réimsí atá mar thosaíochtaí d'infheistíocht faoi SNTS II le roinnt téamaí lárnacha san earnáil fheirmeoireachta, lena n-áirítear:

- ag éascú fáis agus iomaíochais;
- saincheisteanna comhshaoil agus athrú aeráide;
- ag tacú le héifeachtúlacht méadaithe de ghabháltais;
- leas agus sláinte ainmhí feabhsaithe;
- ag tacú le feirmeoirí óga ag iarraidh dul isteach san earnáil nó a ngabháltais a fheabhsú.

Faoin SNTS II nua, soláthrófar maoiniú do:

a) Trealamh déirí

- Ceannacht nó ceannacht trí léasú de mheaisínre agus trealamh nua suas go luach margaidh na sócmhainne.
- Soláthrófar tacaíocht do chúnamh deontais d'infheistíocht i réimse míreanna den chéad rogha, lena n-áirítear bliteoir róbataic, ollumar bainne, trealamh blite, stóras agus trealamh fuaraithe.

b) Trealamh leathaidh astaíochtaí ísle

- Ceannacht nó ceannacht trí léasú de mheaisínre agus trealamh nua suas go luach margaidh na sócmhainne.
- Soláthrófar tacaíocht do chúnamh deontais d'infheistíocht in umair sciodair soghluaiste agus córais imleacáin le trealamh astaíochtaí ísle ceangailte. Chun feirmeoirí a spreagadh an saintrealamh seo a cheannach, ní bheidh an snáithe seo tacaíochta faoin bheart faoi réir an buaicinfheistíocht iomlán a bheidh infheidhmithe faoi na snáithe tacaíochta eile tugtha isteach faoi SNTS II.

c) Leas ainmhí agus sábháilteacht fheirme

- Tógáil, fáil, lena n-áirítear léasú nó feabhsú de mhaoin dhochorraithe agus ceannacht nó ceannacht trí léasú de mheaisínre agus trealamh nua suas go luach margaidh na sócmhainne.
- Soláthrófar tacaíocht do chúnamh deontais d'infheistíocht i réimse míreanna den chéad rogha, lena n-áirítear gnéithe sábháilteachta tábhachtacha ar nós lata, ráille sábháilteacha/fál ionaid, dlúthchlúdaigh do stórais sciodair, áiseanna láimhsithe, áiseanna breithe lao agus aonraithe, córais aeraithe agus roinnt oibrithe nuashonraithe, athshreangú san áireamh.

d) Infheistíochtaí muice agus éineola

- Tógáil, fáil, lena n-áirítear léasú nó feabhsú de mhaoin dhochorraithe agus ceannacht nó ceannacht trí léasú de mheaisínre agus trealamh nua suas go luach margaidh na sócmhainne.

- Soláthrófar tacaíocht do chúnaimh deontais d'uasghrádú foirgnimh atá ann cheana sna dá earnáil ainmnithe agus tá míreanna ar nós dáileoír fodair/uisce íocleasaithe, painéil ghréine, aonad aisghabhála teas, teaschaidéil, coire bithmhaise, aeráil agus insliú cuimsithe do thacaíocht.

e) Infheistíocht Chaipitiúil Orgánach (feirmeoirí orgánacha amháin)

- Tógáil, fáil, lena n-áirítear léasú nó feabhsú de mhaoín dhochorraithe agus ceannacht nó ceannacht trí léasú de mheaisínre agus trealamh nua suas go luach margaidh na sócmhainne.
- Soláthrófar tacaíocht do chúnaimh deontais d'infheistíochtaí chaipitiúla thar réimse leathan réimsí dírithe go sonrach ar an earnáil orgánach. Cuimsíonn na réimsí seo tithíocht ainmhí agus áiseanna stórais cothaitheacha, stórais arbhair, féir thirim, cocháin agus táirgí feirme, gnéithe sábháilteachta ar struchtúir feirme atá ann cheana, trealamh láimsithe ainmhí, trealamh bléan déire agus stórais, struchtúir gortóireachta, polatholláin, sainmheaisínre agus trealamh orgánach.

f) Stóras cothaitheigh feirme

- Tógáil, fáil, lena n-áirítear léasú nó feabhsú de mhaoín dhochorraithe.
- Soláthrófar tacaíocht do chúnaimh deontais d'infheistíocht i dtógáil áiseanna stórais cothaitheigh feirme.

g) Tithíocht ainmhí

- Tógáil, fáil, lena n-áirítear léasú nó feabhsú de mhaoín dhochorraithe.
- Soláthrófar tacaíocht do chúnaimh deontais d'infheistíocht i dtógáil tithíocht ainmhí nua ar fheirmeacha na hÉireann. Ní cheadófar athchóiriú foirgnimh atá ann cheana (seachas i gcás iarratasóirí orgánacha). Soláthrófar tacaíocht do chúnaimh deontais d'infheistíocht i réimse míreanna de chéad rogha lena n-áirítear tithe scaoilte d'eallach, tithíocht lao urlár soladach, tithíocht chaorach, tithíocht ghabhair, tithí lataí, tithí cubhachail, limistéir fotha lataí gan díon, díona chur ar chlósanna fotha beostoic, scríobaire sciodair uathoibríoch, boscaí aonraithe, pionna breithe, pionna bulla agus cuibhrinn agus oibreacha bainteacha, agus gabhlaigh agus cuibhrinn agus oibreacha bainteacha.

h) Scéim Infheistíochta Chaipitiúil Fheirmeora Óg

- Tógáil, fáil, lena n-áirítear léasú nó feabhsú de mhaoín dhochorraithe agus ceannacht nó ceannacht trí léasú de mheaisínre agus trealamh nua suas go luach margaidh na sócmhainne.
- Is é cuspóir na Scéime Infheistíochta Chaipitiúil Fheirmeora Óg ná dreasacht a sholáthar d'fheirmeoirí óga a bhfoirgnimh agus trealamh talmhaíochta a uasghrádú trí iad a sholáthar le leibhéal tacaíochta méadaithe chun na costais chaipitiúla a bhaineann le bunú a bhfiontair a chomhlíonadh. Soláthrófar tacaíocht do chúnamh deontais d'infheistíochtaí chaipitiúla ag ráta-deontais feabhsaithe de 60%. Mar aon leis sin, soláthrófar tacaíocht do chúnamh deontais d'fhoirgnimh déire go sonrath d'fheirmeoirí óga incháilithe.

Coinníollacha Incháilithe

Soláthraíonn Aguisín 1 sonraí ar chritéir incháilithe do gach snáithe de thacaíocht SNTS II.

Cineál Tacaíochta agus Rátaí

Is scéim dheontais infheistíochta chaipitiúil í seo agus tá ráta ginearálta 40% de chúnamh ar fáil. Méadófar é seo do 60% i gcás feirmeoirí óga, áfach. Le cinntiú go gcloítear leis an mbuiséad atá ar fáil, tá uasteorann d'infheistíocht de €80,000 in aghaidh an gabháiltais thar saolré an CFT i bhfeidhm.

Fobheart 4.4 Infheistíochtaí Neamhtháirgiúla (seachadta via GLAS)

Cur Síos Ginearálta

Corpraíonn an fobheart seo tacaíocht do roinnt infheistíochtaí neamhtháirgiúla nasctha le baint amach cuspóirí aeráide comhshaol talmhaíochta. Foirmeann na hinfeistíochtaí neamhtháirgiúla seo cuid den liosta gníomhaíochtaí GLAS sraith 3, agus mar sin foirmeoidh siad cuid d'fheidhmeanna GLAS. Is iad na hinfeistíochtaí neamhtháirgiúla mar a leagtar amach sa liosta gníomhaíochtaí GLAS sraith 3 ná:

- Boscaí beach
- Boscaí éan
- Boscaí ialtóg
- Ag plandáil fál sceach nua
- Úlloird traidisiúnta
- Ag plandáil garrán de chrainn dúchasacha
- Ag luí fáil sceach
- Ag barrscoitheadh fáil sceach
- Gleoiseach Sléibhe B
- Patraisc Bhronnliath
- Ciumhaiseanna bhruachúinéara
- Caomhnú Beacha Aonaracha (Gaineamh).

Féach Aguisín 2 do níos mó sonraí ar an struchtúr GLAS

Coinníollacha Incháilithe

Ní mór do thairbhíthe ar fad a bheith ina iarratasóir GLAS faofa.

Cineál Tacaíochta agus Rátaí

Íocfar tacaíocht via an íocaíocht déanta faoi GLAS. Tá na rátaí infheidhmithe mar a leagtar amach do na gníomhaíochtaí aonaracha i GLAS léirithe in Aguisín 3.

3.4 Beart 7 – Bunsheirbhísí agus athnuachan sráidbhaile i limistéir tuaithe

Cuirfidh an fobheart seo le Réimse Fócais 4A – Bithéagsúlacht, feirmeoireacht agus tírdhreacha ALN.

Cuimsíonn an beart seo den fhobheart seo a leanas:

- Fobheart 7.6 tacaíocht do staidéir/infheistíochtaí a bhaineann le cothabháil, athnuachan agus nuashonrú d'oidhreacht nádúrtha sráidbhailte, tírdhreacha tuaithe agus suíomhanna d'ard-luach nádúir lena n-áirítear gnéithe socheacnamaíocha bainteacha, chomh maith le gníomhaíochtaí fheasachta chomhshaoil

Fobheart 7.6 Foirgnimh Thraidisiúnta Fheirme GLAS

Cur Síos Ginearálta

Tógfaidh an beart Forirgnimh Thraidisiúnta Fheirme GLAS ar rathúlacht na Scéime Foirgnimh Oidhreachta a d'oibrigh faoi SCCFT 4 (2007-2013 CFT). Is é cuspóir an bheart seo ná cinntiú go bhfuil foirgnimh beaga traidisiúnta feirme, atá de luach suntasach cultúrtha agus oidhreachta, athchóirithe agus caomhnaithe d'úsáid talmhaíochta praiticiúil athchóirithe mar chuid de ghnáthshaol obair na feirme. Ní chuimsítear teaghais chónaithe, atá in áitíocht nó beartaithe d'áitíocht faoi láthair.

Tá roinnt bhuntáistí ilfheidhmeacha a eascróidh mar thoradh ar an mbeart seo i réimsí ar nós tírdhreach, bhithéagsúlacht, athrú aeráide, fheabhsú de scileanna traidisiúnta agus deonachán don gheilleagar tuaithe níos fairsinge.

Coinníollacha Incháilithe

Is beart comhlántach é seo do GLAS, atá beartaithe le cur chuige iomlánaíoch a spreagadh a mhéadaíonn tuiscint agus bainistíocht den oidhreacht nádúrtha agus tógtha/cultúrtha araon atá ann ar fheirmeacha aonarach. Dá réir sin, is rannpháirtíocht i GLAS an príomhchoinníoll incháilithe.

Cineál Tacaíochta agus Rátaí

Beidh an tacaíocht trí dheontais le hobair chaomhnaithe fhaofa a dhéanamh ar fhoirgnimh beaga traidisiúnta agus struchtúir bhainteacha (dromchlaí clóis stairiúla, gnéithe tírdhreacha timpeall na feirme – ballaí, piléir geata, geataí, taraenna). Beidh gach tionscadal costaithe go haonair agus beidh an t-uasmhéid ceadaithe tacaíochta 75% de chostais iomlána, suas go huasdeontas de €25,000.

3.5 Beart 10 – Aeráid Chomhshaoil Talmhaíochta

Cuirfidh an beart seo les na Réimsí Fócais seo a leanas

- 4A – ag athchóiriú, ag caomhnú agus ag feabhsú bithéagsúlachta, limistéir Natura 2000 san áireamh
- 4B – ag feabhsú bainistíocht uisce, lena n-áirítear bainistíocht leasacháin agus lotnaidicíd
- 4C – ag cosc chreimeadh ithreach agus ag feabhsú bainistíocht ithreach
- 5D – ag laghdú astaíochtaí gás cheaptha teasa agus amóinia ó thalmhaíocht
- 5E – caomhnú agus ceapadh carbóin

Tá an Beart seo cuimsithe den fhobheart seo a leanas:

- Fobheart 10.1 – íocaíocht do ghealltanais aeráid chomhshaoil talmhaíochta.

Cuimsíonn Fobheart 10.1 dhá scéim ar leith.

1. An Scéim Ghlas ar Bheagán Carbóin do Chomhshaoil na Talmhaíochta (GLAS) agus GLAS +
2. Clár Sonraí Mairteola agus Géanómaíochta (CSMG)

Fobheart 10.1 An Scéim Ghlas ar Bheagán Carbóin do Chomhshaoil na Talmhaíochta (GLAS) agus GLAS +

Cur Síos Ginearálta

Tá an scéim seo dearth le tógáil ar rathúlacht SCCFT (An Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil Faoin Tuath) agus SRCT (Scéim Roghanna Chomhshaoil Talmhaíochta) a spreag feirmeoirí feirmeoireacht a dhéanamh ar shlí neamhdhíobhálach don chomhshaoil agus don aeráid. Cuireann GLAS gníomhaíochtaí talmhaíochta chun cinn a thugann isteach nó a leanann ar aghaidh modhanna táirgtheachta talmhaíochta a úsáid a dhéanann iarracht dul i ngleic le saincheisteanna athrú aeráide, caighdeán uisce agus caomhnú ghnáthóg agus speicis tosaíochta.

Is scéim ard-dhírthe í GLAS. Is rud atá lárnach dá dearadh é aithint roinnt Sócmhainní Chomhshaoil Tosaíochta (SCTanna) – don chuid is mó tírdhreacha somhille (Natura agus talaimh ard san áireamh), speicis faoi chontúirt (go háirithe éin i mbaol), agus sruthchúrsaí ardchaighdeán. Réamhaithníodh gabháiltais ar fad leis na sócmhainní fisiciúla seo agus tá na limistéir de thábhacht mapáilte ag leibhéal feirme. Ráthaíonn láithreacha aon cheann amháin nó níos mó de na sócmhainní seo ar fheirm ar bith rochtain tosaíochta don scéim nua, ach ar son é sin, ní mór glacadh leis na haicsin riachtanacha ar fad chun na sócmhainní seo a chosaint agus a fheabhsú, mar a leagadh síos ag údarás na hÉireann, de bharr phacáistí-íocaíochta caighdeánacha oifrálte don iarratasóir. Aithníodh sócmhainní chomhshaoil agus gníomhaíochtaí de thábhacht níos lú, agus is féidir dul i ngleic leo siúd nuair a comhlíonadh an cuspóir tosaíochta de dhul i ngleic le Sócmhainní Chomhshaoil Tosaíochta.

Tá ordlathas trí sraith ag GLAS agus tá an struchtúr seo dearth le seachadadh dírithe agus tosaithe de bhuntáistí chomhshaoil a chinntiú.

Is é Sraith 1 an tSraith is tábhachtaí, ag cuimsiú i Sraith 1(a) de ne Sócmhainní Chomhshaoil Tosaíochta ar fad aitheanta do thacaíocht trí GLAS, ag díriú ar tírdhreacha somhille, speicis i mbaol agus cosaint de shruthchúrsaí ard-stádas. Aithníonn sraith 1(b) sraith Gníomhaíochtaí Chomhshaoil Tosaíochta chomh maith de dhianfheirmeoirí, ag díriú ar aicsean aeráide agus éin talún feirme. (Aicmítear dianfheirmeoirí mar fheirmeoirí a bhfuil ráta stocála feirme iomlán thar 140kg Nítrigin Aoiligh Bheostoic in aghaidh an heicteir (táirgthe ar ghabháil) nó níos mó ná 30 heicteár de bharr churaíochta). Faigheann feirmeoirí orgánacha rochtain tosaíochta don scéim faoi Shraith 1 ina cheart féin.

Is é Sraith 2 an chéad tsraith is tabhachtaí eile agus i Sraith 2(a) díritear ar chaighdeán uisce trí chosaint de shruthchúrsaí réamhchinntithe somhille, agus ag glacadh le tograí faoi Shraith 2(b) ó fheirmeoirí eile atá réidh le gníomhaíochtaí réamhchinntithe a thógáil arís ag díriú ar aicsean aeráide agus ag tacú le héin talún feirme.

Faoi dheireadh, don mhórchuid tá Sraith 3 ina roghchlár friothálachde ghníomhaíochtaí chomhshaoil comhlántacha d'iarratasóirí faofa i Sraitheanna 1 agus 2. Tá sé cuimsithe de ghníomhaíochtaí ar nós chosaint móinéir féir traidisiúnta, féaracha saibhir le speicis, gnéithe tírdhreacha tábhachtacha ar nós

séadchomharthaí seandálaíochta, fáil sceach agus ballaí cloiche, chomh maith le soláthar áiseanna neadaithe éin, ialtóg agus beach agus plandáil garráin de chrainn dúchasacha. Tabharfar cuireadh d'iarrais bunaithe go hiomlán ar ghníomhaíochtaí Sraith 3. Soláthraíonn Agusín 2 sonraí iomlána de struchtúir Sraithe GLAS.

Toisc go gcuirtear GLAS i bhfeidhm i dtráinsí, coinneofar sonraí de ghníomhaíochtaí faoi athbhreithniú chun an cur chuige tosaíochta agus dírithe seo a chothabháil.

Chun leas a bhaint as GLAS, ní mór d'fheirmeoirí rannpháirteacha ar fad cloí leis an liosta de croíriachtanais seo a leanas:

- Ní mór do chomhairleoir talmhaíochta faofa an t-iarraitas GLAS a ullmhú.
- Ní mór Plean Bainistíochta Cothaithe don fheirm iomlán a bheith ullmhaithe sa chéad bhliain rannpháirtíochta.
- Aistriú eolais trí chúrsa oiliúna do ghníomhaíochtaí sonraithe comhlánaithe le taispeántais/comhairle ar líne ar deachleachtais chomhshaoil
- Coinneál taifid de ghníomhaíochtaí seachadta.

Tá sonraíocht iomlán ag leagaint amach sonraí maidir le gach aicsean GLAS ar fáil ag:

<http://www.agriculture.gov.ie/media/migration/farmingschemesandpayments/glas/GLASSpecification040615.pdf>

Coinníollacha Incháilithe

Beidh feirmeoir gníomhach ar bith, a bhfuil a ghabháltas laistigh den Stát, incháilithe iarraitas a dhéanamh páirt a ghlacadh i GLAS.

Cinéal Tacaíochta agus Rátaí

Beidh GLAS ina scéim 5 bliana le huasluach pacáiste de €5,000 go bliantúil do gach feirmeoir bunaithe ar luach na n-aicsean glactha, ceachtar ar bhonn éigeantach nó trí roghnú ó roghchlár roghanna, nó trí mheascán den dá rud. Mar aon leis an GLAS bunúsach, d'fhéadfadh le feirmeoirí atá tiomanta do

ghníomhaíochtaí chomhshaoil atá dúshlánach ach go háirithe cáiliú d'íocaíocht bhreisithe de suas go €2,000 go bliantúil faoi GLAS +. Feidhmeoidh GLAS + i gcásanna nuair a théann an comhchostas le gníomhaíochtaí éigeantacha a sheachadadh do roinnt Gníomhaíochtaí Chomhshaoil Tosaíochta thar luach an ghnáthphacáiste de €5,000 in aghaidh na bliana. Cáileoidh feirmeoirí atá ag bainistiú limistéir fairsinge de ghnáthóg éin i mbaol uathu féin do GLAS +, áfach, gan an gá do dara SCT. Tá an tsraith iomlán de ghníomhaíochtaí GLAS agus rátaí íocaíochta ar fáil in Aguisín 3.

Fobheart 10.1 Clár Sonraí Mairteola agus Géanómaíochta (CSMG)

Cur Síos Ginearálta

Éilíonn an clár seo ar fheirmeoirí rannpháirteacha tabhairt faoi réimse gníomhaíochtaí deartha chun feabhsú géiniteach brostaithe a sheachadadh i gcaighdeán an tréada mairteola ar nós saintréithe éifeachtúlachta máthartha agus, mar thoradh air sin, na buntáistí chomhshaoil bainteacha ar nós déine astaíochtaí laghdaithe. Tá bunú agus cothábháil córais mórcála bailiúcháin sonraí lárnaigh don chur chuige agus déanfar é seo trí bhailiú sonraí ó thréada bó dhiúil tráchtála. Ansin, cuirtear é seo isteach in innéacs póraithe géanómaíocht-bunaithe (a rangaíonn éifeachtúlacht ainmhithe ar chóras réalta bunaithe, le 5 réalta a bheith mar an ceann is éifeachtúla) a cuirfidh feirmeoirí ar an eolas agus iad ag roghnú ionadaithe bó dhiúil agus bulla.

Éilíonn an CSMG ar fheirmeoirí tabhairt faoi ghealltanais 6 bliain sraith aicsin réamh-dheartha a dhéanamh chun taca a chur faoi sheachadadh tréada lao atá níos neamhdhíobhálaí don aeráid. Cuimsíonn na haicsin seo:

- coimeád taifid agus tuairisciú eachtra;
- géinitíopáil;
- straitéis ionaid (go mbeidh na hainmhithe aitheanta a bheith de fhiúntas géiniteach uachtarach, le hastaíochtaí GCT bainteacha níos ísle, úsáidte mar stoc ionaid ar thréada rannpháirteacha); agus
- críochnú den Treoraí Carbóin.

Coinníollacha Incháilithe

Chun leas a bhaint as CSMG, ní mór d'iarratasóirí cloí leis na critéir seo a leanas:

- uimhir thréada agus ainmhithe pór mairteola cláirithe a bheith aige/aici;
- foirm iarratais Scéim Buníocaíochta a thaisceadh do gach bliain den chlár ar a bhfuil dáileachtaí talún fógartha;
- beidh iarratasóirí neamh-incháilithe nuair nár baineadh ainmhithe fabhtaithe go dianseasmhach le Buinneach Víreasach Bhólachta (BVB) a rugadh ó 1 Eanáir 2012 ón tréad le heisceacht na hainmhí sin, ar dháta an iarratais, atá laistigh de 7 seachtain ó dháta na tástála;
- ní mór d'ainmhithe le toradh tástála BVB dearfach reatha nó neamhchonchlúideach a bheith bainte chuig an cniógair ar bhonn leanúnach agus dáta báis taifeadta ar an gcóras Gluaiseacht Aitheanta Ainmhí (GAA) laistigh de 7 seachtain ó dháta na tástála tosaigh.

Cineál Tacaíochta agus Rátaí

Gheobhaigh rannpháirtithe sa chlár íocaíocht de €142.50 in aghaidh an heicteár don chéad 6.66 heicteár le híoc faoin scéim, agus €120 in aghaidh an heicteár le híoc ina dhiadh sin.

Tá na rátaí le híoc faoin CSMG bunaithe ar na costálacha sannta do na haicsin ar fad atá de dhíth atá tiontaithe ansin d'íocaíocht heicteár bunaithe incháilithe ag úsáid comhéifeacht dlús stocála. Ríomhadh na costais bunaithe ar an gcostas tabhaithe agus ioncam tarscaoilte a bhaineann le tabhairt faoi na haicsin incháilithe atá mar bhunús na scéime. Tá costais tomhaiste in aonaid ama atá de dhíth chun na haicsin a dhéanamh, costas de ghéinitípáil, nó an glanchostas breise d'ainmhithe ionaid. Mar aon leis na costais seo, cuireadh na leasa eacnamaíochta féideartha ag eascair ón CSMG san áireamh.

3.6 Beart 11 – Feirmeoireacht Orgánach

Táthar ag siúl leis an mbeart seo cuir leis na Réimsí Fócais seo a leanas:

- 4A – Bithéagsúlacht, feirmeoireacht agus tírdhreacha ALN

- 4B – Bainistíocht uisce, leasacháin agus lotnaidcíd
- 4C – Ag cosc creimeadh ithreach agus ag feabhsú bainistíocht ithir.

Cuimsíonn an beart seo de

- Fobheart 11.1 – íocaíocht chun aistriú chuig cleachtais agus modhanna feirmeoireachta orgánacha
- Fobheart 11.2 – íocaíocht chun cleachtais agus modhanna feirmeoireachta orgánacha a chothabháil

Baineann an Scéim um Fheirmeoireacht Orgánach leis an dá fobheart seo leagtar agus thíos í.

Fobheart 11.1 agus Fobheart 11.2 An Scéim um Fheirmeoireacht Orgánach

Cur Síos Ginearálta

Tá sé mar aidhm ag an Scéim um Fheirmeoireacht Orgánach feirmeoirí a spreagadh aistriú ó mhodhanna traidisiúnta feirmeoireachta agus modhanna feirmeoireachta orgánacha a chur i bhfeidhm, chomh maith leis na modhanna seo a chothabháil i ndiadh an tréimhse aistrithe tosaigh a bheidh ina uathréimhse de dhá bhliain. Is é cuspóir iomlán na Scéime um Fheirmeoireacht Orgánach buntáistí chomhshaoil agus leas ainmhí feabhsaithe a sheachadadh agus chun táirgeoirí a spreagadh freagairt don éileamh margaidh do bhia atá táirgthe go horgánach.

Coinníollacha Incháilithe

Cosúil leis an Scéim um Fheirmeoireacht Orgánach roimhe, sonraíonn sraith riachtanais bunúsacha bunincháilitheacht. Cuimsíonn bunchoinníollacha:

- Riachtanas d'íoslimistéar feirme de 3 heicteáir, ach amháin do tháirgeoirí gortóireachta nuair ina bhfuil an íoslimistéar feirme 1 heicteár;
- Clárúchán le ceann amháin de na Comhlachtaí Rialúcháin Orgánacha, seilbh ceadúnas orgánach bailí agus clárúchán le RTBM;

- Ní mór d'iaratasóirí céaduaire ar an Scéim um Fheirmeoireacht Orgánach cúrsa oiliúna faofa a bheith déanta acu. Cuimseoidh an Cúrsa Oiliúna Faofa an Cúrsa Intreoir d'Fheirmeoireacht Orgánach den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí Leibhéal 5, nó aon chúrsa coibhéiseach a bheidh cinntithe ag RTBM. Ní fhoirmeann an cúrsa seo cuid den Scéim um Fheirmeoireacht Orgánach, ná níl sé maoinithe via an CFT.

Cineál Tacaíochta agus Rátaí

Coinneoidh an scéim an struchtúir agus riarachán ginearálta den Scéim um Fheirmeoireacht Orgánach atá ann cheana a shainoidhríonn íocaíocht limistéar-bunaithe bliantúil thar uasmhéid de 5 bliain agus 11 mí de thréimse conartha. Is é ráta caighdeánach íocaíochta €220/ha d'aistriú le ráta cothabhála de €170/ha, le rátaí níos airde de €300/ha agus €200/ha i bhfeidhm d'oibríochtaí ghortóireachta, agus €260/ha agus €170/ha d'oibríochtaí churaíochta. Mar aon leis sin, tá breisiú de €30/ha do sheamair dhearg ar fáil chomh maith.

3.7 Beart 13 – Íocaíochtaí do Limistéir a thugann aghaidh ar Srianachtaí Nádúrtha nó Sonraithe eile (LSN)

Cuirfidh an beart seo le Réimse Fócais 4A – Bithéagsúlacht, feirmeoireacht agus tírdhreacha ALN.

Cuimsíonn an beart seo den dá fhobheart seo a leanas:

- Fobheart 13.2 – íocaíocht chúitimh do Limistéir eile a bhfuil Srianachtaí Nádúrtha suntasacha rompu
- Fobheart 13.3 – íocaíocht chúitimh do Limistéir eile teagmhaithe le Srianachtaí Sonraithe (ag tagairt d'fheirmeoireacht ar oileán).

Fobheart 13.2 Limistéir de Srientachtaí Nádúrtha (LSNanna)

Cur Síos Ginearálta

Tá an scéim bunaithe ar an Scéim um Limistéir Mhídheisiúla (LMD) agus an Scéim um Limistéir faoi Mhíbhuntáiste (SLM), Is é cuspóir na tacaíochta seo ná feirmeoirí a chúiteamh d'ioncam tarscaoilte agus na costais breise nasctha le míbhuntáiste an limistéir i gceist.

Beidh sé mar aidhm ag íocaíochtaí d'fheirmeoirí i limistéir sléibhe nó i limistéir eile a bhfuil srientachtaí nádúrtha nó sonraithe eile rompu:

- úsáid talún talmhaíochta a chinntiú, mar sin ag cur le cothabháil sochaí tuaithe inmharthana;
- an tuath a chothabháil;
- córais feirmeoireachta inmharthana a chothabháil agus a chur chun cinn, a chuireann riachtanais cosanta comhshaoil san áireamh ach go háirithe.

Coinníollacha Incháilithe

Chun leas a bhaint as an scéim seo, ní mór d'fheirmeoirí:

- cloí le cur síos ar 'fheirmeoir gníomhach' in Alt 9 de Rialúchán (AE) Uí 1307/2013;
- áitigh agus saothraigh ar do riosca féin íosmhéid de thrí heicteár de thalamh foráiste, suite i limistéir LSN aitheanta;
- tabhairt faoin talamh a shaothrú agus a bhainistiú go gníomhach suite i limistéir LSN agus ar a rinneadh iarratas i mbliana an iarratais;
- cloí le riachtanais traschomhlíonta faoi Alt 92 de Rialúchán (AE) Uí 1306/2013;
- gabháltas a bheith acu a chomhlíonann na híosléibhéil stocála (riachtanas féaraigh).

Is é an íosléibhéal stocála atá riachtanach ná 0.15 aonad beostoic in aghaidh heicteár foráiste nó figiúir stocála níos ísle bunaithe do choimíneachtaí agus talamh immealach eile mar gheall ar chur i gcéill srientachtaí aitheanta. Fíorofar

ríomh dlús stocála bliantúil trí úsáid bunachar sonraí Gluaiseacht Aitheanta Ainmhithe na Roinne (GAA) mar aon le taisceadh cláir Tréada, pasanna eachaithe agus iniúchtaí beostoic.

Is féidir le hiarratasóirí faoi Chomhpháirtíocht Fheirme leanúint ar aghaidh leas aonair a bhaint as an Scéim, bunaithe ar an limistéar de thalamh LSN a chuireann siad leis an gcomhpháirtneireacht. (Feidhmeoidh teorainneacha tairseacha ag leibhéal bearta do chomhaltaí comhpháirtneireachta).

Cineál Tacaíochta agus Rátaí

Soláthraíonn an Scéim um Limistéir de Srianachtaí Nádúrtha do rátaí íocaíochta mar seo a leanas:

- Talamh de Chineál Sléibhe: €109.71 ar an gcéad 10 heicteár foráiste, nó cuid de, agus €95.99 in aghaidh an heicteár ar heicteáir atá fágtha suas go huasmhéid de 34 heicteár.
- Talamh Íseal atá faoi Éalang Níos Déine: €95.99 in aghaidh an heicteár foráiste suas go huasmhéid de 30 heicteár.
- Talamh Íseal atá faoi Éalang níos Lú agus Limistéir Chósta le Bacanna Sonraithe: €82.27 in aghaidh an heicteár foráiste suas go huasmhéid de 30 heicteár.

Fobheart 13.3 Limistéir de Srianachtaí Sonracha (Oileáin)

Cur Síos Ginearálta

Cuirfear catagóir tacaíochta ar leith laistigh den struchtúir na scéime LSN ar fáil chun Feirmeoirí Oileáin a chúiteamh in aithint ar na srianachtaí sonracha atá ann sna limistéir seo. Tá cothabháil feirmeoireacht ar oileáin easchósta na hÉireann, lena n-áirítear cothabháil modhanna feirmeoireachta traidisiúnta, rithábhachtach i dtéarmaí seachadadh leasa comhshaoil via seachaint de thréigean talún agus caomhnú gnáthóga.

Coinníollacha Incháilithe

Le bheith incháilithe, ní mór d'fheirmeoirí talamh a shaothrú ar oileán easchósta agus ní mór dóibh na coinníollacha incháilithe ar fad a chomhlíonadh a bhaineann leis an scéim LSN ach amháin an riachtanas maidir leis an íoslímistéir de 3 heicteár.

Cineál Tacaíochta agus Rátaí

Déantar íocaíochtaí go bliantúil in aghaidh an heicteár agus tá na rátaí íocaíochta don tacaíocht seo mar seo a leanas:

- €250 – suas go agus ag cuimsiú an chéad 20 heicteár de Limistéir de Srientachtaí Sonracha nó cuid de
- €170 – Níos mó ná 20 heicteár nó níos lú ná nó ionann is 34 heicteár de Srientachtaí Sonracha
- €70 – Níos mó ná 34 heicteár nó níos lú ná nó ionann is 40 heicteár de Srientachtaí Sonracha
- Tá íocaíocht faoin chatagóir Limistéir de Srientachtaí Sonracha de LSN faoi réir uasteoireann iomlán de 40 heicteár.

3.8 Beart 16 – Comh-oibriú

Cé nach bhfuil sé indéanta na tionscadail beachta a thioctfaidh as an bpróiseas CNE a réamhaisnéisiú, ar an iomlán táthar ag súil leis an mBeart Comhoibriúcháin cuir leis na Réimsí Fócais seo a leanas:

- 2A – Feidhmíocht, nua-aoisiú & athstruchtúrú eacnamaíoch
- 2B – Dul isteach san earnáil talmhaíochta agus athnuachan glúine
- 4A – Bithéagsúlacht, feirmeoireacht agus tírdhreacha ALN
- 4B – Bainistíocht uisce, leasacháin agus lotnaidicíde
- 4C – Ag cosc creimeadh ithreach agus ag feabhsú bainistíocht ithreach
- 5D – Ag laghdú astaíochtaí GCT & amóinia.

Cuimseoidh an beart seo an dá fhobheart seo a leanas:

- Fobheart 16.1 – tacaíocht do Chomhpháirtíochtaí Nuálaíochta Eorpacha (CNE)
- Fobheart 16.3 – tacaíocht d’Fheirmeoireacht Comhoibríoch.

Fobheart 16.1 Comhpháirtíochtaí Nuálaíochta Eorpacha (CNE)

Cur Síos Ginearálta

Cruthaíonn tacaíocht faoin CNE nascanna níos fearr idir taighde agus forfheidhmiú ar feirm. Sruthlíníonn, simplíonn agus comhordaíonn CNEanna níos fearr ionstraimí agus tionscnaimh atá ann cheana agus comhlánaítear iad le gníomhaíochtaí nua nuair is gá. Feidhmíonn siad thar an slabhra taighde agus nuálaíochta ar fad, ag tabhairt le chéile gníomhairí bainteacha ar fad ag leibhéal AE, náisiúnta agus réigiúnach, ag déanamh níos éasca é do chomhpháirtithe comhoibríú agus torthaí níos fearr a bhaint amach.

Is é an struchtúir trína bhfuil an cur chuige CNE tacaithe via an CFT ná maoiniú grúpaí oibríochtúla CNE. Tá grúpaí oibríochtúla CNE nasctha go soiléir le nuálaíocht agus deachleachtas a thacú. Go sonrach beidh siad beartaithe dul i ngleic leis an méid seo a leanas ar fad no cuid de:

- Ag cur eanáil talmhaíochta atá éifeachtúil ar acmhainní, táirgiúil agus íseal ar astaíochtaí chun cinn, ag obair le chéile leis na hacmhainní nádúrtha riachtanacha ar a mbraitheann feirmeoireacht;
- Ag feabhsú próisis chun an comhshaol a chaomhnú, oiriúnú d’athrú aeráide agus cuir le huailmhian maolaithe;
- Ag cruthú breisluach trí thaighde agus cleachtas feirmeoireachta a nascadh níos fearr agus úsáid níos fairsinge de chleachtas nuálaíochta atá ar fáil a spreagadh.

Ag úsáid gréasáin Forbartha Tuaithe agus Aistriú Eolais atá ann cheana chun feasacht a ardú i measc gníomhairí grúpa oibríochtúla poitéinsiúla, cothóidh an fobheart seo taisceadh coincheapanna agus smaointe nuálaíochta ó fheirmeoirí, comhairleoirí, taighdeoirí, ENRanna agus cuideachtaí talmhaíochta.

Nuair atá sé críochnaithe, scaipfear na torthaí nó toradh den ghrúpa oibríochtúil via an Gréasán CNE agus an Gréasán Tuaithe Náisiúnta. Cinnteoidh scaipeadh na torthaí taighde go gcuirtear ceachtanna foghlamtha in iúl thar leibhéal áitiúil agus mar sin cuireann siad le cuspóirí iomlána táirgeadh talmhaíochta inbhuanaithe thar an AE.

Coinníollacha Incháilithe

Díreofar tacaíocht i leith bunú grúpaí oibríochtúla nua struchtúrtha thar ciste iomaíoch. Sainoidhreach é seo RTBM, i gcomhairle le páirtithe leasmhara seachtracha, ag aithint saincheistanna tosaíochta mar bhunús ar ghlaoch do thograí. Tarraingeoidh glaoch do thograí den chineál sin, agus an measúnú ina dhiadh sin ar thograí faighte ar an saineolas cuí agus taghde atá ann cheana. Ní mór do ghrúpa oibríochtúla beartaithe ar bith cur chuige, próiseas, cleachtas nó táirge a fhorbairt nó a scrúdú a chuireann le tosaíochtaí Forbartha Tuaithe agus a dhéanann iarracht díriú ar chur chuige nuálach agus é sin á dhéanamh acu.

Cineál Tacaíochta agus Rátaí

Soláthrófar tacaíocht i bhfoirm deontais i ndá chéim ar leith, mar seo a leanas:

- a) Tacaíocht d'fhorbairt Pleananna Grúpa Oibríochtúla do na grúpaí sin atá ag eascair ó phróiseas glaoch tosaigh d'aighneachtaí;
- b) Tacaíocht do chostais Pleananna Grúpa Oibríochtúla a chur i bhfeidhm d'iarratasóirí rathúla. Beidh sé seo bunaithe ar an bhraghas leagtha amach sna hiarratais rathúla.

Soláthrófar tacaíocht do staidéir indéantachta, costais beochana, costais reatha agus gníomhaíochtaí promóisin. Beidh méideanna agus rátaí bunaithe ar na costais leagtha amach i dtograí rathúla agus athíocfar é ar bhonn tuairisceáin/fáltais faighte ó Ghrúpaí Oibríochtúla.

Fobheart 16.3 Tacaíocht d'Fheirmeoireacht Chomhoibríoch

Cur Síos Ginearálta

Is féidir le cur chuige comhoibríocha ar fheirmeoireacht – mar shampla socruithe idir-feirme, socruithe in-feirme, roinn-fheirmeoireacht agus tógáil conartha – dul i ngleic le roinnt de na dúshláin struchtúrtha, eacnamaíocha, agus sóisialta atá roimh talmhaíocht Éireannach, ar nós drochinfhaighteacht talún agus méid feirme, saincheistanna cothromaíochta oibre is saoil, forbairt sraitheanna scileanna agus an bunús eolais, agus aistriú idirghlúine. Mar sin, rachfaidh an scéim seo i ngleic le roinnt de na saincheistanna sin agus ta sí dírithe go sonrach ar fhoirmiú comhpháirtíochtaí fheirme nua trí chur le costais dlíthiúla, comhairliúcháin agus airgeadais tabhaithe ag feirmeoirí agus a gcomhaontas comhpháirtíochta feirme á dhréachtú acu.

Coinníollacha Incháilithe

Tá an Scéim seo tacaithe le tabhairt isteach Clár de Chomhpháirtíochtaí Fheirme nua a tháinig i bhfeidhm i mí Márta, 2015. Chun iontráil ar an gClár a bheith ceadaithe, ní mór do chomhpháirtíocht fheirme na critéir seo a leanas a chomhlíonadh

Cuimseoidh Comhpháirtíocht Fheirme de ar a laghad beirt duine is féidir a mheas a bheith ina gníomhairí i dtalmhaíocht, duine amháin ó chatagóir (i) thíos agus duine amháin nó níos mó ó chatagóirí (i) nó (ii):

- i. Feirmeoir a bhí i mbun feirmeoireachta astu féin ar feadh dhá bhliain roimh an dáta ar a mbunaítear an chomhpháirtíocht; agus
- ii. Duine éigin atá i seilbh tréaduimhreach neamhspleáiche nó atá cláraithe chun críocha cánach agus atá, leis na cáilíochtaí talmhaíochta iomchuí aige, ag rannchur le neartú struchtúr talmhaíochta na comhpháirtíochta trína bheith ina seilbh ar 20% ar a laghad den chomhaontú roinnte brabúis.

Caithfidh gach comhaontú comhpháirtíochta feirme bheith ina socruithe nuabhunaithe á n-iontráil sa Chlár den chéad uair. Na Comhpháirtíochtaí Reatha um Tháirgeadh Bainne ar mian leo leanúint ar aghaidh i gcomhpháirt tar éis 31 Márta 2015 agus a chuireann isteach ar iontráil sa Chlár nua; ní cháileoidh siad do thacaíocht faoin mbeart seo.

Cineál Tacaíochta agus Rátaí

Gach comhpháirtíocht feirme nua a shásaíonn na ceangaltais d'iontráil sa Chlár; beidh siad incháilithe chun ranníocaíocht 50% a fháil i dtreo costas deimhnithe na gcostas dlíthiúla, cuntasaióchta agus comhairleacha a bhaineann le bunú na comhpháirtíochta, suas le huasmhéid ar fiú €2,500 é (ie. costais iarbhír de €5,000 in aghaidh na comhpháirtíochta.

3.9 Beart 19 - Tacaíocht d'fhorbairt LEADER áitiúil (FÁCP – forbairt áitiúil faoi cheannaireacht pobail)

Rannchuirfidh an beart seo le 6B - Cothú na forbartha áitiúla sna ceantair thuaithe.

Leanfar ar aghaidh ag riaradh na gné LEADER den CFT nua faoi choimirce na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (RCPRÁ). Tá LEADER tar éis bheith mar chuid den chreatlach beartais don fhorbairt tuaithe in Éirinn ó cuireadh tús leis thair sna 1990í, agus d'fheidhmigh sé mar uirlis éifeachtach chun tacú le forbairt eacnamúil agus shóisalta na bpobal tuaithe tríd na hacmhainní éigeantacha is gá a sholáthar do phobail chun tacú lena bhforbairt féin.

Cinntítear trí LEADER go mbíonn an deis ag gach ball de na pobail tuaithe chun rannpháirt a ghlacadh sa chinnteoireacht ag an leibhéal áitiúil trí Ghrúpaí Gnímh Áitiúla (GGÁ) agus trí dheardh agus forfheidhmiú na Straitéisí Forbartha Áitiúla (SFÁ). Is tríd na straitéisí sin a chinntíonn na Grúpaí Gnímh Áitiúla na héilimh i gceantar áitiúil agus a ghlacann siad cinntí faoi na cineálacha infheistíochta is fearr a oireann chun aghaidh a thabhairt ar na héilimh úd. Tiocfaidh cur chuige níos comhtháite agus níos comhleanúnaí don fhorbairt pobail ón gcur chuige "ón mbonn aníos" nó faoi cheannaireacht pobail sin, lena mbainfidh eagrais phobail

agus rialtais áitiúil i ról cheannaireachta, ag stiúradh cur chuige níos comhtháite agus níos comhordaithe do sheachadadh gach cistiú (idir chistiú Eorpach agus Náisiúnta) ag leibhéal fo-réigiúnach.

Is iad na téamaí seo a leanas, a tháinig aníos ón anailís ullmhaitheach faoi bhun an CFT agus lena n-áirítear faisnéis a fhaightear i dtuarascáil na bliana 2014 de chuid An Coimisiún um Fhorbairt Eacnamaíoch na gCeantar Tuaithe (CFECT), a sholáthróidh an chreatlach d'fhorbairt na Straitéisí Forbartha Áitiúla sin.

- Forbairt Eacnamaíoch / Forbairt Fiontair agus Cruthú Post faoin Tuath lena n-áirítear

a. An Turasóireacht Tuaithe

b. Forbairt Fiontair

c. An Leathanbhanda

d. Bailte faoin Tuath.en Chlár Forbartha Tuaithe - Éire 2014 - 2020

- Cuimsiú sóisialta trí thógáil cumais an phobail, tríd an oiliúint, beochan agus tionscnaimh Óige Tuaithe.

- An Comhshaol Tuaithe.

Bainfidh na fobhearta seo a leanas leis an mbeart sin:

- Fobheart 19.1 – tacaíocht ullmhúcháin.
- Fobheart 19.2 - tacaíocht d'fhorfheidhmiú oibríochtaí faoin straitéis forbartha áitiúla faoi cheannaireacht pobail.
- Fobheart 19.3 - ullmhú agus forfheidhmiú gníomhaíochtaí comhoibritheacha faoin ngníomh áitiúil.
- Fobheart 19.4 - tacaíocht do chostais reáchtála agus beochana.

Fobheart 19.1 Tacaíocht Ullmhaitheach LEADER

Cur Síos Ginearálta

Soláthraíonn LEADER tacaíocht ullmhaitheach a chuirfear ar fáil do na GGÁí a léiríonn spéis um dhearadh agus forfheidhmiú SFÁ chun a gcuid cumais a thógáil agus chun SFÁ a fhorbairt dá gceantair.

Coinníollacha Incháilithe

Éascóidh an RCPRÁ do roinnt comh-imeachtaí tógála cumais a bheidh ar oscailt do gach páirtí leasmhara a bheidh incháilithe faoin ngné tacaíochta ullmhaithí den chlár. Ina theannta sin, is amhlaidh a iarrfar ar GGÁ féideartha sa phróiseas do chéadléiriú spéise chun na hacmhainní ullmhaitheacha a mhionsonrú agus a mbraitheann siad go mb'éigean

iad a fháil chun tacú le dearadh agus le forbairt a SFÁ sa tsúil fóirdheontas a dhámhadh do na GGÁí rathúla chun dul i mbun an tsaothair úd. Is iad na GGÁí a roghnaítear ó chéim na gcéad léirithe spéise ar a ndámhfar tacaíocht ullmhaitheach chun tacú le forbairt a SFÁ.

Cineál Tacaíochta agus Rátaí

Is ag ráta 100% a bheidh gach tacaíocht ullmhaitheach. Is féidir leas a bhaint as cion den tacaíocht ullmhaitheach a leithdháiltear chun tacú le comhghníomhartha agus le himeachta tógála cumais d'aonáin a léiríonn spéis chun SFÁ LEADER a thaiseadh.

Fobheart 19.2 LEADER Forfheidhmiú oibríochtaí faoin straitéis FÁCP

Cur Síos Ginearálta

Is éard is aidhm leis an mbeart seo chun tionscadail a sheachadadh bunaithe ar dhearadh agus forfheidhmiú SFÁ saincheaptha, agus is ann a gheofar achoimre mhionsonraithe ar an gcaoi a dtabharfar aghaidh ar na héilimh trí leas a bhaint as cistiú CFT.

Coinníollacha Incháilithe

Is incháilithe iad na tairbhithe má rannchuireann siad le haidhmeanna agus le cuspóirí na SFÁ agus má fhreagraíonn siad do na cuspóirí agus na tosaíochtaí dá dtásctar chun tacú leo sa CFT.

Cineál Tacaíochta agus Rátaí

Is i bhfoirm cúnaimh fhóirdheontais a bheidh an tacaíocht a sholáthraítear chun aidhmeanna agus cuspóirí na SFÁ a ghnóthú. Bainfidh gné den chomhchistiú freisin le hoibríochtaí aonair ag infheisteoirí príobháideach agus/nó poiblí i leith an chuid is mó de na hoibríochtaí, d'fhonn chun úinéireacht an phobail i leith na dtionscadal cistithe a chur chun cinn.

Fobheart 19.3 Ullmhúchán agus Forfheidhmiú LEADER de ghníomhaíochtaí comhoibrithe na ngrúpaí gnímh áitiúla

Cur Síos Ginearálta

Tacóidh an ghné seo den bheart LEADER le hullmhú agus le forfheidhmiú gníomhaíochtaí comhoibrithe na GGÁí. Beidh tacaíocht ar fáil do chur chuige nuálaíochta agus turgnamhach chun comhfiontair a chur chun cinn le haghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna comónta.

Coinníollacha Incháilithe

Is i rialacha oibriúcháin an chláir a mhionsonrófar na critéir do roghnú na dtionscadal comhoibrithe lena gcistiú i gcomhthéacs ullmhú agus fhorfheidhmiú tionscadail chomhoibrithe araon. Is sa SFÁ a chaithfear an t-éileamh don chineál idirghabhála sin.

Cineál Tacaíochta agus Rátaí

Soláthrófar cistiú don ghníomhaíocht ullmhaitheach, don chomhordú agus beochan. Soláthrófar tacaíocht freisin do na tionscadail fhorfheidhmithe agus comhoibrithe i bhfoirm chúnaimh dheontais.

Fobheart 19.4 Costais Reáchtála LEADER agus beochan

Cur Síos Ginearálta

Baineann an ghné seo den bheart LEADER le costais oibriúcháin na GGÁí dá dtugtar cúram chun an SFÁ a dhearadh agus a fhorfheidhmiú.

Coinníollacha Incháilithe

Bíonn tacaíocht ar fáil do gach GGÁ roghnaithe chun SFÁ a chur chun feidhme mar chuid den phróiseas LEADER.

Cineál Tacaíochta agus Rátaí

Is i bhfoirm chúnamh dheontais a sholáthrófar an tacaíocht a thabharfar do chostais reáchtála agus beochana, agus ní sháróidh sí 25% den chaiteachas poiblí iomlán a thabhaítear laistigh den SFÁ, agus is ag ráta 100% a thacófar leo.

4. Mionathruithe don CFT Amach Anseo

De réir mar a rachaidh an tréimhse an chláir CFT ar aghaidh is amhlaidh a bheidh sé ar oscailte do na Ballstáit chun a gcuid CFT a mhionathrú faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach i rialacháin an AE. Mar shampla, tá Éire tar éis tiomantas a thabhairt ina CFT cheana féin chun tacaíocht a thabhairt isteach do scéimeanna sonracha faoi cheannaireacht áitiúil trí mheán mhionathrú luath an CFT.

5. Cad iad na struchtúir fhorfheidhmiúcháin don CFT nua?

De réir mar ab amhlaidh sna CFT roimhe seo, is í an RTBM an tÚdarás Bainistíochta don CFT nua. Ina theannta sin is amhlaidh atá saothar ar bun i láthair na huaire chun struchtúir a chur i dtoll a chéile chun fónamh don tacaíocht le forfheidhmiú an CFT.

Is é an Rannán Forbartha Tuaithe laistigh den RTBM a fheidhmeoidh mar Údarás Bainistíochta an CFT. Áirítear le feidhmeanna an Údaráis Bhainistíochta:

- A chinntiú go mbíonn na meicníochtaí do mhonatóireacht agus breithmheas an chláir agus do bhailiú na sonraí ábhartha ann;
- A chinntiú go dtugtar le fios do thairbhíthe faoin CFT i leith na n-oibleagáidí ag éirí as an tacaíocht a dheonaítear;
- A chinntiú go soláthraítear na tuarascálacha ábhartha dhul chun cinn agus breithmheasa i ndáil le forfheidhmiú an CFT;
- A chinntiú go mbíonn socruithe poiblíochta don CFT i dtoll chéile;
- Cur i dtoll a chéile na struchtúr tacaíochta forfheidhmiúcháin don CFT, lena n-áirítear bunú coiste monatóireachta agus an Gréasán Náisiúnta Tuaithe.

Is roinnt gnéithe atá sa Ghníomhaireacht Íochta, agus áirítear lena feidhmeanna cur i dtoll a chéile an eagrais riaracháin agus córais rialaithe inmheánaigh chun dóthain ráthaíochtaí a sholáthar gur dlíthiúil agus rialta iad na híocaíochtaí, agus go dtugtar cuntas ceart orthu. Cuimsítear faoin nGníomhaireacht Íochta:

- An Rannán Airgeadais laistigh den RTBM, a bhainistíonn na héilimh ar chaiteachas faoi CTEFT;

- Na rannáin líneacha forfheidhmiúcháin laistigh den RTBM. Is iad na rannáin sin atá freagrach as dearadh, forfheidhmiú agus riaradh (lena n-áirítear seiceálacha riaracháin) na mbeart faoin CFT. Is iad na rannáin sin a phróiseálann íocaíochtaí freisin i leith na mbearta aonair agus a thuairiscíonn dá réir don Rannán Airgeadais;
- Rannáin chigireachta agus teicniúla. Is iad na rannáin sin atá freagrach as go leor de na cigireachtaí allamuigh ar an toirt atá faoi bhun an réimis rialaithe i leith na mbeart faoin CFT;
- Is comhlacht tarmlichte den Ghníomhaireacht Íochta í an RCPRÁ i ndáil le LEADER.

Gréasán Tuaithe Náisiúnta

Cosúil lena réamhtheachtaí, is amhlaidh a chisteofar leis an CFT nua bunú Gréasán Tuaithe Náisiúnta (GTN) chun tacú le forfheidhmiú an Chláir. Is é an GTN a shaothróidh chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht na mbeartas forbartha tuaithe a fheabhsú trí dhul i ngleic le geallsealbhóirí, trí chomhroinnt na faisnéise agus trí thógáil an chumais chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna sonracha a aithnítear le hullmhú an CFT.

Coiste Monatóireachta

Tá Coiste Monatóireachta ann lena mbaineann geallsealbhóirí ábhartha éagsúla (lena n-áirítear mar shampla, comhlachtaí ionadaíocha feirme agus leasanna comhshaoil) ann don CFT nua. Beidh ról ag an gCoiste Monatóireachta i ndáil le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an CFT agus ar éifeachtacht a fhorfheidhmithe.

6. Cad iad na rialuithe agus na smachtbhannaí a bhainfidh leis na scéimeanna CFT nua?

Ní foláir do na Ballstáit gach céim is éigeantach a thabhairt chun a chinntiú gurb inrialaithe, infhíoraithe agus bainistithe go cuí iad a gcuid beart forbartha tuaithe.

Tagann na scéimeanna CFT arna riaradh ag an RTBM agus an RCPRÁ faoi réir córais rialuithe agus smachtbhannaí chun leasanna airgeadais an AE agus an Stáit a chosaint. Áirítear leo siúd seiceálacha riaracháin iomchuí ag na rannáin údarúcháin/íochta agus rialuithe ar an toirt. Bíonn leordhóthanacht na rialuithe agus na smachtbhannaí ar oscailt dá scrúdú ag iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha araon. Beidh bearta dochta rialaithe ann d'fhorfheidhmiú an CFT agus cuirfead na pionóis iomchuí chun feidhme mar a mbraitear cásanna neamh-chomhlíonta.

7. Cén chaoi a ndéanfar an CFT nua a mhonatóireacht agus a bhreithmheas?

Is rithábhachtach í monatóireacht agus breithmheas an chaiteachais ar an CFT chun cuntasacht a chinntiú, chun ligean d'fheabhsuithe um dheardh agus saindíriú na tacaíochta, chun forás agus gnóthachain an bheartais fhorbartha tuaithe a léiriú, agus chun luach ar airgead a ghnóthú in úsáid na gcistí poiblí.

Is amhlaidh a shruthlíneofar an próiseas monatóireachta agus breithmheasa sa tréimhse den chlár idir na blianta 2014-2020 chun sonraí iontaofa agus tráthúla a sholáthar chun measúnú cuí, saothar leantach agus forfheidhmiú feabhsaithe na scéimeanna CFT a cheadú.

Is í an RTBM a bheidh freagrach as forfheidhmiú, monatóireacht agus breithmheas ag an leibhéal náisiúnta faoin gCóras Comónta Monatóireachta agus Breithmheasa (CMES) atá mar chuid den Chreatlach Chomónta Monatóireacht agus Breithmheasa (CMEF). Déantar tomhas sa CMEF ar fheidhmíocht an CAP go léir agus is é an Coimisiún Eorpach a bheidh ina bhun. Is faoin CMES a thaiscfidh an RTBM tuarascálacha forfheidhmiúcháin bhliantúla don Choimisiún chun dul chun cinn a thomhas i leith ghnóthú na spriocanna Cláir éagsúla. Beidh tuarascálacha níos mionsonraithe de dhíth sna blianta 2017 agus 2019 i dteannta le breithmheas ex-post sa bhliain 2024.

8. Cén áit ar féidir liom teacht ar a thuilleadh faisnéise?

Is féidir teacht ar leagan iomlán den Chlár Forbartha Tuaithe agus den cháipéisíocht chomhbhainteach ar láithreán gréasáin na Roinne ag an nasc seo a leanas: <http://www.agriculture.gov.ie/media/migration/ruralenvironment/ruraldevelopment/ruraldevelopmentprogramme2014-2020/RDP20142020Full270515.pdf>

Is é Rannán Forbartha Tuaithe na RTBM atá freagrach as comhordú, bainistiú agus tuairisciú faoin CFT. Is féidir fiosruithe ginearálta i leith an Chláir a chur chuig:

Guthán: 01 – 607 2885

Ríomhphost: RuralDevelopment@agriculture.gov.ie

Déan teagmháil i gcomhair tuilleadh faisnéise i leith na scéimeanna agus na dtacaíochtaí sonracha:

Aistriú Eolais

Guthán: 057 8674400

Ríomhphost: KTInformation@agriculture.gov.ie

Forbairt Ghairmiúil Leanúnach do Chomhairleoirí Talmhaíochta

Guthán: 057 8674400

Ríomhphost: CPD@agriculture.gov.ie

SNTS II

Guthán: 076 1064452

Ríomhphost: SNTS@agriculture.gov.ie

CSMG

Guthán: 076 1064423

Ríomhphost: beef schemes@agriculture.gov.ie

GLAS

Guthán: 076 1064451

Ríomhphost: glas@agriculture.gov.ie

An Scéim um Fheirmeoireacht Orgánach

Guthán: 1890 200 509

Ríomhphost: Organicunit@agriculture.gov.ie

Limistéir faoi Shriantachtaí Nádúrtha

Guthán: 076 1064426

An Chomhpháirtíocht Nuálaíochta Eorpach

Guthán: 057 8674400

Ríomhphost: EIP@agriculture.gov.ie

LEADER

Rannán Forbartha Tuaithe an AE

An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Guthán: 096 24200

Ríomhphost: rdp1420@environ.ie

Aguisín 1: Incháilitheacht Coinníollacha do SNTS II

Beidh feirmeoirí i ngach aon chearn den tír i dteideal chun iarratas a dhéanamh do chúnamh deontais faoi SNTS II, faoi réir sásamh na gcritéar incháilitheachta a leagtar síos i ngach aon sraith tacaíochta faoin mbeart.

Is iad seo a leanas na Coinníollacha Incháilithe i leith na sraitheanna éagsúla tacaíochta faoi SNTS II:

Sraith Tacaíochta faoi SNTS II - Critéir Incháilithe

a) Trealamh Déiríochta

Ní foláir don iarratasóir:

- Bheith i seilbh aitheantóra Roinne;
- Suíomh forbartha bheith faoina n-úinéireacht nó faoina léas;
- 5ha talún ar a laghad bheith fógartha faoin CBÍ.

b) Trealamh Leata Sciodair ar Bheagán Carbóin (TLSBC)

Ní foláir don iarratasóir:

- Bheith i seilbh aitheantóra Roinne;
- 5ha talún ar a laghad bheith fógartha faoin CBÍ nó 60 aonad táirgthe i leith na feirmeoireachta muc.

c) Leas Ainmhithe agus Sábháilteacht ar Fheirmeacha

Ní foláir don iarratasóir:

- Suíomh forbartha bheith faoina n-úinéireacht nó faoina léas;
- 5ha talún ar a laghad bheith fógartha faoin CBÍ nó íosmhéid 20 aonad táirgthe ó dhianfhiontar;
- Bheith i seilbh aitheantóra Roinne;

d) Infheistíocht sna Muca agus san Éanlaith

Ní foláir don iarratasóir:

- Suíomh forbartha bheith faoina n-úinéireacht nó faoina léas;
- Íosmhéid 20 aonad táirgthe bheith acu ó na muca nó ón éanlaith;
- Bheith i seilbh aitheantóra Roinne;

e) Infheistíochtaí Chaipitiúla Orgánacha

Ní foláir don iarratasóir:

- Bheith ina dtáirgeoir orgánach ceadúnaithe;
- Bheith i seilbh aitheantóra Roinne;
- Suíomh forbartha bheith faoina n-úinéireacht nó faoina léas;

I gcás feirmeoirí óga, ní foláir don iarratasóir:

- Bheith idir 18 bliain d'aois agus gan bheith níos sine ná 40 bliain ag aois an iarratais;
- Nach bhfuair siad cúnamh deontais faoi Scéim Cúnaimh Shuiteála;
- Na ceangaltais a shásamh i ndáil le bunú den chéad uair laistigh de chúig bliana ón iarratas.
- Suíomh forbartha bheith faoina n-úinéireacht nó faoina léas;
- Íosmhéid 15ha talún fógartha faoin CBÍ, nó íosmhéid 1ha i gcás fiontar gairneoireachta;
- Cáilíocht Oideachasúil sonracha a shásamh;
- Bheith i gceannas go héifeachtach ar an ngabháltas.

f) Stóráil Cothaitheach Feirme

Ní foláir don iarratasóir:

- Suíomh forbartha bheith faoina n-úinéireacht nó faoina léas;

- 5ha talún ar a laghad bheith fógartha faoin CBÍ nó íosmhéid 20 aonad táirgthe ó dhianfhiontar;
- Bheith i seilbh aitheantóra Roinne;

g) Tithíocht d'Ainmhithe

Ní foláir don iarratasóir:

- Suíomh forbartha bheith faoina n-úinéireacht nó faoina léas;
- 5ha talún ar a laghad bheith fógartha faoin SBÍ nó íosmhéid 20 aonad táirgthe ó dhianfhiontar;
- Bheith i seilbh aitheantóra Roinne;
- Áireofar an ceangaltas de bheith ina bhfeirmeoir san earnáil ábhartha sna téarmaí agus coinníollacha de réir mar a rollfar amach tacaíocht shonrach don earnáil.

h) Infheistíocht Chaipitiúl na bhFeirmeoirí Óga

Ní foláir don iarratasóir:

- Bheith i seilbh aitheantóra Roinne;
- Bheith idir 18 bliain d'aois agus gan bheith níos sine ná 40 bliain ag aois an iarratais;
- Nach bhfuair siad cúnamh deontais faoi Scéim Cúnaimh Shuiteála roimhe seo;
- Na ceangaltais a shásamh i ndáil le bunú den chéad uair laistigh de chúig bliana ón iarratas;
- Suíomh forbartha bheith faoina n-úinéireacht nó faoina léas;
- 15ha talún ar a laghad bheith fógartha faoin SBÍ nó 20 aonad táirgthe bheith acu;
- Cáilíochtaí Oideachasúla sonracha a shásamh;
- Bheith i gceannas go héifeachtach ar an ngabháltas..

Aguisín 2: Struchtúr GLAS

CUSPÓIR:

Is éard is aidhm le GLAS aghaidh a thabhairt ar chuspóirí trasghearrthacha an athraithe aeráide, chaighdeán uisce agus bithéagsúlacht

<p>CROÍ</p>	<p>Croí-cheangaltais Bhainistíocht</p> <p>Is éigeantach gach aon cheann de na ceangaltais seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Is é pleanálaí talmhaíochta ceadaithe a chaitheann an t-iarratas GLAS a ullmhú • Pleanáil Bainistíochta Cothaitheach • Oiliúint i gcleachtais agus i gcaighdeáin chomhshaoil • Taifeadadh na gníomhartha a seachadadh 	
<p>TOSAÍOCHT</p>	<p>Sócmhainní agus Gníomh Comhshaoil Tosaíochta CISEAL 1</p> <p>Faigheann gach feirmeoir le SGCT rochtain céadtosaíochta don Scéim i mBliain a hAon agus sna blianta ina diaidh sin. Níl ráthaíocht ann go bhfaighidh gach iarratasóir incháilithe i gCiseal 1 rochtain ar an Scéim agus cuirfear maitris scórála chun feidhme más gá.</p> <p>Más infheidhmithe aon cheann de na Sócmhainní Tosaíochta úd don ghabháltas, caithfear iad a roghnú agus na gníomhartha ábhartha bheith pleanáilte.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Gnáthóg Talún Feirme (suíomhanna Natura príobháideacha) • Éin fheirme, Gleoiseach Sléibhe, Lapairí Pórúcháin, Cága Cosdearga, Géanna/Ealaí, Traonach, Patraisc Bhroinliath, Cromán na gCearc • Coimíneachtaí (rannpháirtíocht 50% ar a híosmhéid i bPlean Coimíneachta GLAS) • Limistéar Uisce Ardstádais • Pórtha Tearca <p>Cosúil leis sin, más mian le hiarratasóir (bídís sa mhairteoil, caoireoil nó déiríocht) le ráta stocála lánfheirme thar 140kg de Nitrigín ó Aoileach in aghaidh an heicteáir arna táirgeadh ar an ngabháltas, nó le haon fheirmeoir le níos mó ná 30 heicteár de bharr arúla, bheith measta faoi Chiseal 1; ní foláir dóibh glacadh le ceann amháin ar a laghad de na 4 ghníomh éigeantacha seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Leathadh Sciodair le hAstuithe Ísle • An Íoschuraíocht • Bunú Brait Ghlais ó Bharr Curtha • Cumhdach d'Éin Fhiána (feirmeacha féaraigh amháin) <p>Cáileoidh feirmeoirí Orgánacha Cláraithe do rochtain tosaíochta ar an scéim faoi Chiseal 1, trí ghníomhartha a roghnú arb iomchuí don fheirm iad. Má tá feidhm le haon cheann de na sócmhainní a liostaíodh sa chéad tacar pointí le hurchar thuas áfach, caithfear iad a roghnú ar dtús. Ní cháileoidh na tiomantais faoin Scéim Feirmeoireachta Orgánaí d'íocaíocht faoi GLAS.</p>	<p>Bliain amháin agus blianta ina dhiaidh sin</p>

TÁNAISTEACH	<p>Sócmhainní agus Gníomhartha Comhshaoil CHISEAL 2</p> <p>Na feirmeoirí nach bhfuil Sócmhainní Comhshaoil Tosaíochta acu, ach a n-áirítear Limistéar Uisce Leochaileach lena dtailte; is féidir leo iarratas a dhéanamh ar rochtain don scéim faoi Chiseal 2. Caithfear sna cásanna úd na gníomhartha ionchúí ar ábhartha do Limistéir Uisce Leochaileacha iad a roghnú.</p> <p>In éagmais Limistéir Uisce Leochailigh, is féidir le hiarratasóir cáiliú go fóill do rochtain Chiseal 2 ar an gcuntar go roghnaítear nó go bpleanáiltear do cheann amháin de na gníomhartha seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Leathadh Scioidair le hAstuithe Ísle • An Íoschuraíocht • Bunú Brait Ghlais ó Bharr Curtha • Cumhdach d'Éin Fhiána (feirmeacha féaraigh amháin) 	Bliain a Dó agus blianta ina dhiaidh sin
GINEARÁLTA	<p>Gníomhartha Ginearálta CHISEAL 3*</p> <p>Is éard is aidhm leis na gníomhartha seo na tairbhí seachadta athraithe aeráide, cáilíochta uisce agus bithéagsúlachta a fheabhsú, agus is féidir iad a roghnú i dteannta le gníomhartha Chiseal 1 nó Chiseal 2 nó astu féin (ní ráthófar iontráil don Scéim le roghnú Gníomhartha Ginearálta amháin):</p> <ul style="list-style-type: none"> • Féarach Buan Ionchuir Ísil • Móinéar Traidisiúnta • Imill Bhruachánacha • Barrscoitheadh Fálta Sceach • Leagan Fálta Sceach • Plandú Fáil Sceach Nua • Cothabháil na mBallaí Cloiche Traidisiúnta • Bunú Coillearnaí Bige • Bainistiú Comhshaoil na Talún Báine • Imill Arúla • Éan & boscaí • Boscaí d'Ialtóga • Caomhnú na mbeach aonair • Imeall Bláthanna Fiána Dúchasacha • Cumhdach d'Éin Fhiána • Úlloird Traidisiúnta • Cosaint na sruthchúrsaí (nach bhfuil i Limistéir Ardstádais ná Leochaileacha) • Cosaint na suíomhanna seandálaíochta <p>*Bainfear leas as próiseas roghnúcháin chun ligean d'fheirmeoirí ballraíocht le GLAS a ghlacadh trí mheán na ngníomhartha úd má táthar in easnamh sa ghlacadh le gníomhartha Chiseal 1 agus Chiseal 2.</p>	Bliain a Dó (go féideartha) nó bliain 3 ag brath mhaoiniú

Aguisín 3: Gníomhartha GLAS agus Rátaí Íocaíochta

Aicsean	€ in aghaidh an méadar/ bliain	€ in aghaidh an ha/ bliain	€ in aghaidh an aonad/ bliain	€ in aghaidh an m3 / bliain
Irmill Fhéir Arúla				
a. Imeall 3 mhéadar	€0.35			
b. Imeall 4 mhéadar	€0.50			
c. Imeall 6 mhéadar	€0.70			
Boscaí Ialtóg			€13	
Boscaí Éin			€6	
Coimíneachtaí		€120		
Caomhnú de Bheacha Aonaracha				
a. Bosca			€6	
b. Gaineamh			€45	
Fáil Sceach Barrscoite	€2.20			
Bainistíocht Chomhshaoil de Thalaimh Báin		€750		
Éin Talún Feirme				
a. Lapairí póraithe		€366		
b. Scéim Fheirme Cág Cosdhearg		€365		
c. Traonach		€364		
d. Géanna agus Ealaí		€205		
e. Patraisc bhronnliath	€2.10			
f. Cromán na gCearc		€370		
g. Gleoiseach Sléibhe A: Leath-Nádúrtha/ Leath-Fheabhsaithe Rogha Bainistíochta Páirce Féaraigh		€375		
h. Gleoiseach Sléibhe B: Páirc Féaraigh Fheabhsaithe Rogha Bainistíochta	€1.50			
i. Gleoiseach Sléibhe C - Rogha Beathaithe Geimhridh		€900		
Gnáthóg Talún Feirme (Suíomhanna Natura Príobháideacha)		€79		
Bunú Brait Ghlais ó Bharr Curtha		€155		

Aicsean	€ in aghaidh an méadar/ bliain	€ in aghaidh an ha/ bliain	€ in aghaidh an aonad/ bliain	€ in aghaidh an m3 / bliain
Leagan Fáil Sceach	€3.70			
Leathadh Sciodair Astuithe Ísle (in aghaidh m ³ in aghaidh na bliana)				€1.20
Féarach Buan Ionchuir Ísil		€314		
An Íoschuraíocht		€40		
Imeall Bláthanna Fiána Dúchasacha	€1.40			
Plandáil Fáil Sceach Nua	€5.00			
Cosaint na Suíomhanna Seandálaíochta				
a. Rogha Curaíochta			€146	
b. Rogha Féaraigh			€120	
Cosaint na Sruthchúrsaí	€1.50			
Pórtha Tearca (in aghaidh A.B)			€200	
Imill Bhruachánacha				
a. imeall 3 mhéadar	€0.90			
b. imeall 6 mhéadar	€1.20			
c. imeall 10 mhéadar	€1.60			
d. imeall 30 mhéadar	€3.60			
Garrán Crann Dúchasach a Phlandú			€0.90	
Móinéar Traidisiúnta		€315		
Úlloird Traidisiúnta			€23.50	
Cothabháil na mBallaí Cloiche Traidisiúnta	€0.70			
Cumhdach d'Éin Fhiána		€900		

